# RÁITEAS UM STRAITÉIS 2012 - 2014



An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

Reference: ComReg 12/69

# Clár na nÁbhar

| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá ón gCathaoirleach | | 2 |
| 1 | Sracfhéachaint ar an Straitéis | 4 |
| 2 | Ár Sainordú | 6 |
| | 2.1 Forbhreathnú ar Ár Réimsí um Fhreagracht | 6 |
| | 2.2 Rialáil Cumarsáide Leictreonaí | 7 |
| | 2.3 Rialáil um Sheirbhísí Poist | 7 |
| | 2.4 Speictream Radaimhinicíochta a Bhainistiú | 8 |
| | 2.5 Bainistíocht na Scéime Náisiúnta maidir le hUimhriú Teileafónaíochta | 8 |
| | 2.6 Rialáil Seirbhísí Ardráta | 8 |
| | 2.7 Monatóireacht ar an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála | 9 |
| | 2.8 Rialáil .ie | 9 |
| | 2.9 Cuntasacht Rialála | 9 |
| 3 | Comhthéacs agus Comhshaol Straitéiseach | 10 |
| | 3.1 Treochtaí agus Dúshláin Custaiméirí | 10 |
| | 3.2 Ionchas Iomaíoch | 10 |
| | 3.3 Treochtaí i Nuálaíocht agus Infheistíocht Cumarsáide | 13 |
| | 3.4 Cúlra agus Dúshláin Eagrúcháin | 14 |
| | 3.5 An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist ), 2011 agus a Impleachtaí maidir le Clár Oibre ComReg | 15 |
| 4 | Leas Tomhaltóirí a Chosaint | 16 |
| 5 | Iomaíochas a chur chun Cinn | 21 |
| 6 | Nuálaíocht & Infheistíocht a Éascú | 29 |
| 7 | Ag Féachaint do Bharr Feabhas Eagrúcháin a bhaint amach | 33 |
| 8 | Conclúid | 37 |
| Iarscríbhinn: 1 Acrainmneacha & Giorrúcháin | | 38 |
| Iarscríbhinn: 2 Táblaí Figiúirí | | 39 |

Níl ceangal dlí ag dul leis an doiciméad seo agus ní chuimsítear comhairle dhlíthiúil, thráchtala, airgeadais, theicniúil nó comhairle ar bith eile ann. Ní an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoina cheangal, ná ní gá go ndéantar staid dheiridh nó chinntitheach an Choimisiúin maidir le gnóthaí faoi leith a leagan amach ann. Go dtí an méid go bhféadfadh sé go mbeadh neamh-chomhréireacht idir ábhair an doiciméid seo agus a fheidhmiú cuí maidir lena dhualgais a chur i gcrích agus na cuspóirí ábhartha a bhaint amach faoin dlí, ní dhéanann na hábhair sin dochar do staid dhlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá réir sin níor cheart iontaoibh míchuí a chur in ábhair an doiciméid seo.

# Réamhrá ón gCathaoirleach

"FÉACHANN COMREG DO RIACHTANAIS AN TOMHALTÓRA A CHOTHROMÚ AGUS IS É A AIDHM FHADTÉARMACH A CHINNTIÚ, A MHÉAD IS FÉIDIR, GO BHFUIL TIONSCAL INBHUANAITHE ANN ATÁ ÁBALTA SEIRBHÍSÍ NUÁLACHA, TEICNEOLAÍOCHTAÍ MALARTACHA AGUS ROGHA ÉIFEACHTACH CHRÍOCHNAITHEACH A CHUR AR FÁIL D'ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH."

Tá ComReg sásta a Ráiteas um Straitéis don earnáil cumarsáide le haghaidh na tréimhse 2012- 2014 a fhoilsiú, faoi mar a cheanglaítear faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Déantar an straitéis seo a fhoilsiú mar aon le ComReg Doiciméad Uimhir ComReg 12/68, ina dtugtar freagairt go mion ar na freagairtí a fuarthas dár gcomhairliúchán ar an Dréacht-Ráiteas um Straitéis. Mar thoradh ar na haighneachtaí a fuarthas, rinneadh roinnt feabhsúchán ar an Ráiteas um Straitéis. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na freagróirí ar fad as a ndearcthaí meabhraithe, a chuidigh linn lenár straitéis a chomhdhlúthú ar an dóigh sin.

Tá ceapadh an Ráitis um Straitéis luachmhar d'eagraíocht amhail ComReg toisc go n-éascaíonn sé stocáireamh agus réamhphleanáil agus cuidíonn sé le ComReg ullmhú le haghaidh athrú garthéarma, ag treisiú ár lúfaireachta agus solúbhachta. Sa tréimhse reatha um athrú diminiciúil, in Éirinn agus ar fud an domhain araon, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rialáil intuartha, comhsheasmhach agus trédhearcach, agus dá réir sin iomaíocht a chur chun cinn agus infheistíocht a spreagadh. Maidir leis sin, féachann ComReg do riachtanais an tomhaltóra a chothromú agus is é a aidhm fhadtéarmach a chinntiú, a mhéad is féidir, go bhfuil tionscal inbhuanaithe ann atá ábalta seirbhísí nuálacha, teicneolaíochtaí malartacha agus rogha éifeachtach chríochnaitheach a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh.

Dírítear sa chúigiú Ráiteas um Straitéis seo, ar doiciméad réamhbhreathnaitheach é a fheidhmíonn mar chreat le haghaidh gnímh a dhéanfaidh an eagraíocht thar an gcéad dá bhliain eile, ar sheachadadh rathúil na bpríomhthosaíochtaí a aithníodh. Tá sé comhlánaithe ag ár bPleananna Gníomhaíochta Bliantúla, ina leagtar amach na bearta mionsonraithe atá le déanamh, mar aon lena bhfrámaí ama. Ceanglaítear faoin Acht um Rialáil Cumarsáid 2002[1] ar ComReg Ráiteas um Straitéis a fhoilsiú gach dhá bhliain. Éagann an Ráiteas um Straitéis reatha an 30 Meitheamh 2012 agus dá bhrí sin is tráth cuí é do ComReg a straitéis um rialáil le haghaidh na tréimhse 2012-2014 a chur chun tosaigh, d'fhonn cinnteacht rialála



a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. Tá a Straitéis um Bainistíocht Spreictrim foilsithe cheana féin ag ComReg le hagaidh na tréimhse 2011-2013 (ComReg 11/89) agus foilseoidh sé a Straitéis Poist le haghaidh na tréimhse 30 Meitheamh 2014 go luath.

Tá an Ráiteas um Straitéis seo déanta nuair atá athrú suntasach tagtha ar mhargadh cumarsáide na hÉireann. In ainneoin deacrachtaí eacnamaíocha tharla dul chun cinn sa bhliain 2011 maidir leis an earnáil cumarsáide leictreonaí, agus, fórsaí láidre iomaíocha agus béim tomhaltóirí ar dhea-luach ag cur brú síos ar phraghsanna le haghaidh seirbhísí gutha agus sonraí agus go háirithe ar 'bheartáin' seirbhísí teileafónaíochta agus leathanbhanda. Ina theannta sin, rinne an infhaighteacht mhéadaithe maidir le luasanna leathana tarraingteacha, le 100 Mbp ar fáil ar líonraí cábla sna mórcheantair uirbeacha agus sa bhreis ar 10 Mbp á thairiscint thar chopar nó thar chábla le haghaidh seirbhísí conaitheacha seasta, athrú radacach ar rochtain ar an idirlíon le haghaidh a lán úsáideoirí. Mar sin féin, i gcoinne an chúlra dhearfaigh sin, ní mór a aithint go bhfuil strus airgeadais follasach i measc roinnt imreoirí tionscail lena n-áirítear Eircom. Tá laghdú tagtha ar na leibhéil fhoriomlána ioncaim, brabúsachta agus infheistíochta, cé nach bhfuil an laghdú chomh olc in Éirinn is atá sé i roinnt tíortha eile. Is ábhar imní é seo, toisc go bhfuil timpeallacht margaidh fholláin de dhíth chun údar a thabhairt do na leibhéil shubstaintiúla infheistíochta a bheidh de dhíth thar an gcéad chúpla bliain eile chun an chéad ghlúin eile de sheirbhísí agus líonraí seasta agus gan sreang a chur i bhfeidhm. Tá na seirbhísí seo tábhachtach i gcomhair stíleanna maireachtála agus tá siad tábhachtach chomh maith maidir le táirgiúlacht agus iomaíochas gnó, agus dá bhrí sin le haghaidh fhás agus athshlánú eacnamaíoch na hÉireann. Agus an margadh á rialú beimid ag féachaint do chreat seasta, iomaíoch agus comhréireach a chur ar fáil ina mbeidh gnólachtaí teileachumarsáide ábalta infheistíocht a dhéanamh agus éirí níos láidre.

Ina theannta sin, ciallaíonn na héilimh atá ag méadú i gcónaí maidir le seirbhísí fóin phóca ardluasa uileláithreacha go bhfuil speictream breise de dhíth ar oibreoirí ionas go mbeidh siad ábalta leanúint d'fhreastal ar thomhaltas tomhaltóirí. Is tosaíocht leanúnach é ár dtionscadal d'fhonn na bandaí speictrim GSM a léirscaoileadh agus an speictream ón Díbhinn Dhigiteach le haghaidh athfheoirmeoireacht a dhéanamh ar sheirbhísí leathanbhanda ionas go mbeimid ábalta a chinntiú go mbeidh speictream luacmhar ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Tá sé seo lárnach dár Straitéis um Bainistíocht Spreictrim[2].

Tá sé mar aidhm againn i gcónaí a chinntiú go bhfuil na tomhaltóirí ar fad á gcosaint agus gur úsáideoirí feasacha iad ar na seirbhísí agus táirgí cumarsáide. Le tacú leis seo táimid i mbun an Soláthraí Seirbhíse Uilíche ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí a ainmniú agus cinnteoimid go mbeidh fáil ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhís theileafón líne fostaithe ar phraghas réasúnta. Leanfaimid chomh maith ag cloí le cosaintí na dtomaltóirí arna soláthar ag dlí na hEorpa agus an dlí Náisiúnta.

Beidh dúshlán ag baint leis an leibhéal cuí rialála lena gcinnteofar iomaíochas inbhuanaithe a bhaint amach, agus ag an am céanna rogha agus cáilíocht a chur ar fáil do chustaiméirí agus nuálaíocht a spreagadh chomh maith. Beidh sé dúshlánach é seo a dhéanamh le linn na tréimhse reatha struis eacnamaíoch náisiúnta agus de bharr na n-acmhainní teoranta ó riachtanas atá ar fáil dúinn. I leithéid de thimpeallacht tá an gá le dea-chumarsáid le páirtithe leasmhara ríthábhachtach agus tá muinín agam go n-imreoidh an Ráiteas um Straitéis seo, mar aon lenár bPleananna Gníomhaíochta Bliantúla, a pháirt le cuidiú lenár bpáirtithe leasmhara a straitéisí agus a bpleananna gníomhaíochta a fhorbairt le muinín.

Alex Chisholm,
**Cathaoirleach**

[1]http://www.irishstatutebook.ie/pdf/2002/en.act.2002.0020.pdf
[2]ComReg's Ráiteas um Straitéis maidir le Bainistíocht Speictrim 2ComReg (ComReg 11/89)

# 1. Sracfhéachaint ar an Straitéis

## Ár Sainordú

- Reachtaíocht Náisiúnta agus na hEorpa
- Gníomhaíochtaí Comhoibrithe & Comhordaithe Náisiúnta & Idirnáisiúnta

## Ár Misean

Trí rialáil éifeachtúil agus ábhartha, is é ár misean forbairt earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn a éascú, ina mealltar infheistíocht, ina spreagtar nuálaíocht agus ina dtugtar an chumhacht do thomhaltóirí a seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid le muinín.

## Ár Luachanna

- Sláine
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtúlacht
- Barr Feabhais
- Trédhearcacht

SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

### Leas an Tomhaltóra a Chosaint

Leasanna na dtomhaltóirí a chosaint maidir le seirbhísí cumarsáide trí iad a chosaint agus iad a chumachtú

### Iomaíochas a chur chun Cinn

Rialáil éifeachtúil agus chomhréireach a chur i bhfeidhm d'fhonn iomaíochas diminiciúil agus inbhuanaithe a éascú

### Nuálaíocht & Infheistíocht a Éascú

Cinnteacht rialála a chur ar fáil a éascaíonn nuálaíocht agus a thacaíonn le hinfheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí cumarsáide

### Ag féachaint do Bharr Feabhais Eagrúcháin a Bhaint Amach

A bheith ina eagraíocht ardéifeachtúil agus nuálach a bheidh ina chuid d'ionad barr feabhais ina dtacaítear le daoine agus ina gcuirtear ar chumas daoine cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach

| Leas an Tomhaltóra a Chosaint - Tosaíochtaí | Beart (tagairt) | |
|---|---|---|
| Ár dtomhaltóirí a chosaint trí bheartas a chur i bhfeidhm agus trí idirghabháil rialála a dhéanamh más gá | 4.1.1 Beartais a chur i bhfeidhm-USO<br>4.1.2 Cearta Úsáideoirí a Chur i bhFeidhm<br>4.1.3 Comhchomhairle a dhéanamh le Páirtithe Leasmhara | 4.1.4 Dochar a Aithint<br>4.1.5 Beartas le haghaidh Tomhaltóirí a mhúnlú |
| Ár dtomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go mbeidh meas ag Soláthraithe Seirbhíse ar a n-oibleagáidí agus go seasfaidh siad leo | 4.2.1 Monatóireacht a dhéanamh ar Chomh líontacht – Oibleagáidí Tomhaltóirí | 4.2.2 Comhlíontacht Speictrim |
| Tomhaltóirí a chumhachtú trína chinntiú go mbeidh faisnéis chuí agus thrédhearcach ar fáil | 4.3.1 Tomhaltóirí a chur ar an Eolas Trí Ghníomhaíochtaí For-rochtana | 4.3.2 Aghaidh a Thabhairt ar Bhearnaí Faisnéise |
| Tomhaltóirí a chumhachtú trí phróiseas éifeachtúil um láimhsiú gearán a chinntíonn sásamh do thomhaltóirí agus réiteach tráthúil ar na gearáin | 4.4.1 Oibreoirí um Láimhsiú Gearán | 4.4.2 Láimhsiú Gearán – ComReg |

| Iomaíochas a chur chun Cinn - Tosaíochtaí | Beart (tagairt) | |
|---|---|---|
| Cur i bhfeidhm líonraí rochtana iomaíocha a éascú agus a chur chun cinn | 5.1.1 Creat maidir le NGA<br>5.1.2 Comhoibriú ar Roinnt Acmhainní<br>5.1.3 Leasanna Cuí | 5.1.4 Forbairt Seirbhísí Mórdhíola a éascú<br>5.1.5 Díchuachadh a Thacú<br>5.1.6 Tionchar a imirt ar Bheartas AE |
| A chinntiú go leanfaidh rialú eacnamaíoch de bheith fócasaithe agus freagúil do riachtanais timpeallachta atá ag athrú | 5.2.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhshonraí Ráithiúla | 5.2.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar Mhargaí Ábhartha |
| Nuálaíocht maidir leis an earnáil cumarsáide leictreonaí a chur chun cinn trí iomaíochas bunaithe ar bhonneagar agus ar sheirbhís | 5.3.1 Praghsáil & Dreasachtaí<br>5.3.2 Speictream le haghaidh Leathanbhanda | 5.3.3 Scaoilteáin Iomaíocha Speictream |
| Cuir le forbairt margaidh Eorpaigh aonair iomaíoch le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí | 5.4.1 Comhsheasmhacht Rialála<br>5.4.2 Clár Oibre Digiteach | 5.4.3 Dea-chleachtas a chur i bhFeidhm |
| A chinntiú go gcloíonn soláthraithe líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí lena n-oibleagáidí rialála trí bhearta forfheidhmiúcháin | 5.5.1 Tuarascáil ar Chomhlíontacht a Fhoilsiú<br>5.5.2 Gníomh Forfheidhmiúcháin | 5.5.3 Comhlíontacht Speictrim<br>5.5.4 Forfheidhmiú Speictrim |
| Bainistíocht éifeachtach ar úsáid an speictrim radaimhiníochta a chinntiú sa Stát | 5.6.1 800/900/1800 MHz Lib<br>5.6.2 DTT & ASO<br>5.6.3 Naisc Sheasta | 5.6.4 FWALA<br>5.6.5 2.6 Banda GHz<br>5.6.6 2.3 Banda GHz |
| Bainistíocht éifeachtach ar úsáid an na n-uimhreacha ón Scéim Náisiúnta Uimhrithe a chinntiú | 5.7.1 Beartas um Uimhriú<br>5.7.2 Leithdáiltí Uimhrithe | 5.7.3 Cumarsáid Meaisín le Meaisín |

| Nuálaíocht & Infheistíocht a Éascú - Tosaíochtaí | Beart (tagairt) | |
|---|---|---|
| Éire a chur chun cinn mar ionad barr feabhais le haghaidh taighde agus nuálaíochta i speictream ina n-éascaítear forbairt teicnící úra cumarsáid raidió, seirbhísí agus feidhmchláir bunaithe ar an speictream | 6.1.1 Tástáil & Triail (Test & Trial) a chur chun Cinn<br>6.1.2 Rannpháirtíocht i dTástáil & Triail | 6.1.3 Tionscnaimh um Fheasacht Speictrim |
| Cuir le Díbhinn Dhigiteach na hÉireann tríd an infhaighteacht is luaithe den bhanda speictream raidió luachmhar i ndiaidh an Aistrithe Dhigitigh | 6.2.1 800MHz<br>6.2.2 Rannpháirtíocht le Craoltóirí | 6.2.3 DTT & ASO<br>6.2.4 Bandaí UHF |
| Nuálaíocht agus aistriú eolais a éascú tríd an dea-chleachtas rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha a roinnt | 6.3.1 Tionchar a imirt ar Bheartas AE<br>6.3.2 Clár Réamhbhreathnaitheach | 6.3.3 Dul i gCion ar Fhorbairt Beartais |
| Nuálaíocht táirgí agus iomaíocht inbhuanaithe a chumasú trí choinbhéirseacht earnála a éascú agus freagairt dó | 6.4.1 Rialáil Beartán<br>6.4.2 Glan-neodrach | 6.4.3 Forbairt Táirgí a Éascú |
| Cinnteacht rialála a chur ar fáil d'imreoirí margaidh maidir le cinntí infheistíochta trí chur le forbairt margaidh Eorpaigh aonaid le haghaidh ECS | 6.5.1 Beartas an AE - BEREC<br>6.5.2 Clár Oibre Digiteach | 6.5.3 Athbhreithniú ar Chreat an AE<br>6.5.4 Infheistíocht a Éascú |

| Ag féachaint do Bharr Feabhais Eagrúcháin a Bhaint Amach- Tosaíochtaí | Beart (tagairt) | |
|---|---|---|
| A bheith ina eagraíocht éifeachtúil, neamhspleách agus nuálach ina mbeidh na córais, struchtúir agus scileanna cuí. | 7.1.1 Rannpháirtíocht Fostaithe<br>7.1.2 Rialachas Corparáideach | 7.1.3 Feabhas ar Phróisis<br>7.1.4 R-sheirbhísí |
| Leanúint de bheith ina ionad barr feabhais ina gcuirtear rialáil éifeachtúil agus ábhartha ar fáil | 7.2.1 RIA & Comhairliúchán<br>7.2.2 Rannpáirtíocht Páirtithe Leasmhara<br>7.2.3 Nósanna Imeachta um Chomhairliúchán | 7.2.4 Taighde & Sonraí<br>7.2.5 Acmhainní a Uasmhéadú<br>7.2.6 Ár nDaoine a Fhorbairt |
| A bheith rannpháirteach le gníomhaireachtaí rialála eile agus príomhpháirtithe leasmhara, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, lena chur ar chumas ComReg a spriocanna a bhaint amach | 7.3.1 Caidrimh le Páirtithe Leasmhara<br>7.3.2 Foráim Idirnáisiúnta<br>7.3.3 Ráiteas Bliantúil maidir le hAschur | 7.3.4 Plean Oibre Bliantúil<br>7.3.5 Ionadaíocht an AE |
| A chinntiú go bhfuil cinntí rialála ComReg bunaithe ar shonraí margaidh iontaofa agus go ndéantar a fheidhmíocht a thagarmharcáil i gcoinne caighdeán idirnáisiúnta | 7.4.1 Tagarmharcáil<br>7.4.2 Cinnteoireacht Láidir | 7.4.3 Taighde Eacnamaíoch |

# 2.
# Ár Sainordú

## 2.1 FORBHREATHNÚ AR ÁR RÉIMSÍ UM FHREAGRACHT

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ('ComReg') mar rialálaí neamhspleách maidir leis na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Déantar feidhmeanna agus cuspóirí reachtúla ComReg a leagan amach san Acht. Chomh maith le bheith ina rialálaí eacnamaíoch ar na hearnálacha seo, tá freagrachtaí reachtúla againn chomh maith as speictream radaimhiníocaíochta na hÉireann a bhainistiú agus as acmhainní um uimhriú teileafónaíochta. Le blianta beaga anuas rinneadh ár sainordú a leathnú le freagrachtaí reachtúla breise lena n-áirítear:


- Ainmniú mar údarás iomaíochta le cumhachtaí comhiomaíochta maidir le cumarsáid leictreonach.
- Socrú táillí um láimhsiú glaonna agus cáilíocht monatóireachta seirbhíse na Seirbhísí Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS).
- Rialáil maidir le Fearann Barrleibhéil an chóid tíre .ie (ccTLD).
- Rialáil na Seirbhísí Ardráta (PRS).

Leagtar spriocanna agus tosaíochtaí ardleibhéil ComReg sa Ráiteas um Straitéis seo anois agus na bearta atá beartaithe aige a dhéanamh chun a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Déantar na bearta sainiúla sin a mhionsonrú i gcaibidlí 4, 5, 6 agus 7.

Ceanglaítear ar ComReg Ráitis um Straitéis ar leith a fhoilsiú maidir le bainistíocht speictrim agus rialú seirbhísí poist. Tá an Ráiteas Straitéise reatha maidir le Bainistíocht Speictrim (ComReg 11/89) i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse 2011-2013 agus foilseoimid Ráiteas um Straitéis Poist le haghaidh na tréimhse go dtí 30 Meitheamh 2014.

Déantar gníomhaíochtaí ComReg laistigh de chreat ina gcuimsítear reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach agus comhoibriú agus comhordú idirnáisiúnta. Is féidir ár sainordú foriomlán agus raon feidhme ár bhfreagrachtaí a léiriú mar a leanas:

**Figiúr1: Sainordú ComReg**




[3] Creat Rialála an AE - http://www.europa.eu
[4] An Creat Rialála Náisiúnta - http://www.dcenr.gov.ie/Communications/Legislation/2011.htm
[5] Moladh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2007 maidir le margaí táirgí agus seirbhísí ábhartha laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí atá so-ghabhálach i leith rialacháin ex ante de réir Threoir 2002/21/CE de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le comhchreat rialála um líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí..

## 2.2 RIALACHÁN MAIDIR LE CUMARSÁID LEICTREONACH

Tagann ár sainordú maidir le cumarsáid leictreonach as Creat Rialála na hEorpa[3], ina ndírítear ar iomaíocht shaor agus chóir agus earnáil cumarsáide bheoga a chur chun cinn san Eoraip ina mbeadh tomhaltóirí ina dtairbhithe ar deireadh. Ba é an príomhthéama beartais an t-aistriú i dtreo margaidh aonair le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí ina bhfaightear réidh le bacainní ar oibriú agus ar sholáthar uile-Eorpach de réir a chéile. Tharla idirghníomhaíocht fhabhrach sa bheartas seo idir ceithre ghné: léirscaoileadh, comhchuibhiú, iomaíocht agus seirbhís phoiblí. Cumhdaítear gach cineál líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí seasta agus gan sreang, tarchur sonraí agus craoladh sa chreat.

Tá athrú tapa tagtha ar an earnáil cumarsáide leictreonaí le blianta beaga anuas le mórfhorbairtí i dteileafónaíocht idirlín don ghúthú (VoIP), glacadh seirbhísí leathanbhanda agus éileamh méadaithe ar sheirbhís ábhar a bhfuil a lán gnéithe iontu a sheachadtar thar líonraí cumarsáide reatha agus den chéad ghlúin eile. Rinneadh cúig Threoir an Chreata, atá i bhfeidhm ó bhí 2002 ann, a leasú i mí na Samhna 2009 agus a thrasuíomh isteach sa reachtaíocht náisiúnta[4] in Éirinn trí reachtaíocht thánaisteach i mí Iúil 2011. Is é is aidhm leis na rialacháin úra cearta tomhaltóirí a neartú agus rogha tomhaltóirí a chur chun cinn trí iomaíocht a fhorfheidhmiú idir na soláthraithe seirbhíse. Tá sé d'aidhm iontu fosta infheistíocht a chur chun cinn i líonraí agus seirbhísí úra, níos iontaofa agus níos sláine.

Aithnítear an dul chun cinn iomaíocha atá déanta ar fud na margaí cumarsáide Eorpacha ó bhí 2002 ann sa Chreat leasaithe, agus sa Mholadh leasaithe 2007 maidir le Margaí Ábhartha[5]. Faoi réir na gcúinsí náisiúnta, tá sé inmhianaithe cuid de na margaí cumarsáide leictreonaí a bhaint amach as raon an rialacháin ex ante, agus mar thoradh air seo rachfar i muinín níos nó an rialacháin iomaíochta ex post sna margaí sin. I ngníomh, ciallaíonn sé seo oibleagáidí coisctheacha a bhaint amach, a bhí forchurtha ar chuideachta d'fhonn tomhaltóirí a chosaint agus iomaíocht a chur chun cinn, ag cur ar chumas na ngnólachtaí sin oibriú go héasca faoi réir a mbreathnaithe ar rialacha iomaíochta ábhartha. Maidir leis sin, tá comhaontú um chomhoibriú i bhfeidhm ag ComReg leis an Údarás Iomaíochta, trína n-éascaítear feidhmiú ag an dá údarás dá gcumhachtaí iomaíochta comhreathacha sa réimse ábhartha. Déanann ComReg idirchaidreamh chomh maith le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (ODPC) agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), más gá, chun fadhbanna a réiteach agus chun leasanna úsáideoirí uile na seirbhísí cumarsáide leictreonaí a chosaint.

Léiríonn an Creat leasaithe comhordú méadaithe ar leibhéal an AE chomh maith trí Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Cuireann ComReg leis seo agus imríonn sé tionchar ar threoir um bheartas amach anseo maidir leis an earnáil cumarsáide leictreonaí trína rannpháirtíocht in BEREC.

Tugann an Coimisiún Eorpach (CE) tuarascáil ar fheidhmíocht na margaí cumarsáide leictreonaí sna Ballstait trína Thuarascálacha bliantúla[6] um Chur i bhFeidhm. Soláthraítear tagarmharc úsáideach sna tuarascálacha seo, mar aon le tuarascálacha arna n-eisiúint ag an ECFE agus ag an gCumann Eorpach um Iomaíocht Cumarsáid (ECTA), maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht idirnáisiúnta, a úsáidimid d'fhonn ár ndul chun cinn agus ár bhfeidhmíocht a mheas agus treoir a fháil maidir lenár dtreoir beartais, go háirithe i dtaca leis an Straitéis Eoraip 2020 agus an gClár Oibre Digiteach don Eoraip.

## 2.3 RIALACHÁN SEIRBHÍSÍ POIST

Baineann Creat Rialála an AE maidir le hearnáil an Phoist go príomha lena chinntiú go bhfuil seirbhís poist uilíoch ar fáil i margaí gan bhacainní ar iontráil iomaíoch. Imríonn an tseirbhís poist uilíoch príomhról maidir le riachtanais shóisialta, ghnó agus dhlíthiúla an náisiúin a chomhlíonadh. A luaithe is a chuirtear litir sa phost, glactar leis de réir an dlí go seachadfar an litir chuig an seolaí mar is gnáth sa phost. Ciallaíonn sé sin, i measc nithe eile, nach mór do cháilíocht na gcaighdeán seirbhíse a bheith ard-chomhsheasmhach agus nach mór rochtain éasca a bheith ar sheirbhísí poist agus ar sheachadtaí laethúla de réir Alt 16 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 ('Acht 2011'). Tá ár sainordú maidir le hearnáil an phoist a rialú leagtha amach in Acht 2011 ina ndéantar an Treoir maidir leis an bPost[7] (leasaithe le gairid mar Tríú Treoir an AE maidir leis an bPost de 2008[8]) a thrasuíomh.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta imríonn ComReg príomhról maidir le gnóthaí poist trína rannpháirtíocht le Grúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhís Poist (ERGP), Coiste an

[6] Féach, mar shampla, "an 16ú Tuarascáil um Dhul chun Cinn maidir le Margadh Aonair Cumarsáide Leicreonaí san Eoraip – 2011 ("16th Progress Report on the Single European Electronic Communications Market – 2011") ar fáil ag: http://ec.europa.eu/information_society/digital-agenda/scoreboard/index_en.htm

[7] Treoir 97/67/CE de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha um fhorbairt margaidh inmheánaigh sheirbhísí poist an Chomhphobail agus feabhas ar cháilíocht na seirbhíse.

[8] Treoir 2008/6/CE de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 20 Feabhra 2008 lena leasaítear Treoir 97/67/CE i dtaca leis an margadh inmheánach sheirbhísí poist an Chomhphobail a bhaint amach go hiomlán

# 2.
# Ár Sainordú
(ar lean)

Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir maidir leis an bPost agus leis an gCoiste Eorpach um Rialachán Poist (CERP)

## 2.4 SPEICTREAM RADAIMHINÍOCHTA A BHAINISTIÚ

Sna hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002-2011, sa Chreat agus sna Rialacháin um Údarú 2011, sna hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926 (arna leas) agus san Acht Craolacháin 2009, leagtar amach, i measc nithe eile, sainordú ComReg i dtaca le speictream radaimhinicíochta[9] a bhainistiú. Is riachtanas riachtanach é rochtain ar mhinicíochtaí raidió i gcomhair teileachumarsáide, go háirithe maidir le heitlíocht, lastas, seirbhísí cosanta, sábháilteacht phoiblí, leathanbhanda agus cumarsáid mhóibíleach.

Cuimsítear ceithre phríomhréimse inár ngníomhaíochtaí um bainistíocht speictrim, is iad sin cinneadh a dhéanamh ar leibhéal straitéiseach, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, maidir leis an dóigh ar cheart an speictream a úsáid, an creat rialála i gcomhair na húsáide sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, na minicíochtaí ábhartha a chur ar fáil agus timpeallacht saor ó thrasnaíocht. Tá sé riachtanach go ndéantar an trealamh raidió uile a fheidhmiú de réir na reachtaíochta reatha agus go ndéantar beart tapa agus cinntitheach inár Aonad um Chomhlíonadh an Speictrim sa chás go dtarlaíonn sáruithe, trína ndéantar seirbhísí raidió oibreoirí ceadúnaithe a chosaint, trí thrasnaíocht neamhiarrtha a aimsiú agus a dhíothú. Cuimsítear forfheidhmiú inár ngníomhaíochtaí sa réimse seo fosta maidir leis na rialacháin um Threalamh Teirminéil Raidió agus Teileachumarsáide (R&TTE) agus um Chomhoiriúnacht Leictreamaighnéad (EMC). Déanaimid ár ngníomhaíochtaí a chomhordú leis an nGarda Síochána agus le Seirbhísí Éigeandála eile nuair is cuí agus más cuí.

De réir mar a shíneann minicíochtaí raidió go nádúrtha thar theorainneacha náisiúnta, teastaíonn grinn-eolas ar fhorbairtí bainistíochta speictrim Eorpacha agus domhanda maidir le bainistíocht an speictrim, agus a rannpháirtíocht iontu. Imríonn ComReg ról gníomhach, in éineacht leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, lena chinntiú, a mhéad is féidir, go bhfreastalaítear sa bheartas idirnáisiúnta um speictream ar shainriachtanais na hÉireann.

Tá rialáil dhomhanda ar an speictream raidió faoi choimirce an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide den chuid is mó, agus tá na feidhmeanna rialála réigiúnacha faoi fhreagracht an AE agus an Choiste Cumarsáide Leictreonaí (ECC) ar Chomhdháil Riaracháin agus Poist na hEorpa (CEPT). Soláthraíonn Grúpa Beartais an Speictrim Raidió (RSPG) comhairle straitéiseach ardleibhéil maidir le beartais speictrim don Choimisiún Eorpach agus cuidíonn an Coiste um Speictream Raidió (RSCOM) leis an gCoimisiún Eorpach le bearta teicniúla cur i bhfeidhm a fhorbairt.

Léirítear na tiomantais sa Chomhaontú Ginearálta maidir le Seirbhísí Trádála Isteach (GATS) is infheidhme i leith an AE agus a Bhallstát i gcreat an AE um leithdháileadh agus úsáid minicíochtaí raidió chomh maith. Tugtar roinnt saoirse in GATS chun minicíochtaí a leithdháileadh agus a shannadh go hinmheánach, ar an gcoinníoll nach bhfuil sé beartaithe i bhforálacha dá leithéidí, nó nach bhfuil an éifeacht iontu, rochtain ar an margadh a chosc nó a theorannú go míréasúnta d'oibreoirí ó Bhallstáit na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT).

## 2.5 BAINISTÍOCHT NA SCÉIME NÁISIÚNTA MAIDIR LE hUIMHRIÚ TEILEAFÓNAÍOCHTA

Leagtar amach feidhmeanna agus cuspóirí ComReg san Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 maidir le bainistíocht éifeachtach ar an Scéim Náisiúnta maidir le hUimhriú agus faoi na Rialacháin um Údarú 2011 féadfaimid cearta chun uimhreacha a úsáid a dheonú. Tá uimhriú ina phríomhchumasóir maidir le seirbhísí cumarsáide agus tá comhordú náisiúnta agus idirnáisiúnta riachtanach d'fhonn nascacht dhomhanda leanúnach agus cosaint úsáideoirí ar fud teorainneacha a chinntiú. Glacann ComReg páirt i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla lena gcinntiú go ndéantar caighdeáin, moltaí agus bearta comhchuibhithe idirnáisiúnta arna leagan síos ag ITU, Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide 9ETSI), CEPT agus ag an gCoimisiún Eorpach (CE), a chur i bhfeidhm agus go nglactar an dea-chleachtas maidir le riarachán uimhrithe agus forbairt beartais.

## 2.6 RIALÁIL SEIRBHÍSÍ ARDRÁTA

Is éard is Seirbhísí Ardráta (PRS) (ar a dtugtar "seirbhísí íoc ar an nguthán") de ghnáth earraí nó seirbhísí is féidir a cheannach nó rochtain a fháil orthu tríd an gcostas a ghearradh ar bhille fóin sheasta nó fón póca an cheannaitheora. Áirítear ar an seirbhísí faisnéis agus ábhar siamsaíochta amhail faisnéis tráchta nó taistil, réamhaisnéis na haimsire, vóta nó trácht a chlárú nó páirt a ghlacadh i gcomórtais. Ó bhí 12 Iúil 2010 ann, i ndiaidh

[9] Tá an reachtaíocht ar fad ar fáil ar: http://www.dcenr.gov.ie/Communications/Legislation/
[10] http://www.irishstatutebook.ie/pdf/2010/en.act.2010.0002.pdf

achtú an Rialacháin fan Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010[10], glacadh ComReg an cúmar ó Reg Tel mar an rialtóir neamhspleách reachtúil in Éirinn. Cuirtear béim faoi leith ar chosaint tomhaltóirí i rialáil na seirbhísí ardráta lena chinntiú go bhfuil tomhaltóirí muiníneach agus sábháilte agus PRS a úsáid acu.

## 2.7 MONATÓIREACHT AR AN tSEIRBHÍS FREAGARTHA GLAONNA ÉIGEANDÁLA

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) de 2007[11], cuireadh freagracht reachtúil ar ComReg as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse arna soláthar ag soláthraí na seirbhíse freagartha glaonna éigeandála (soláthraí ECAS), BT Ireland faoi láthair. Ceanglaítear ar ComReg chomh maith athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha i dtaca le soláthar an ECAS ag an soláthraí ar bhonn bliantúil, ag féachaint don táillí láimhsithe glaonna is infheidhme a shocrú. Faoi Rialacháin na Seirbhísí Uilíocha 2011[12] éilítear go mbeidh glao ar na huimhreacha freagartha éigeandála 112 agus 999 saor in aisce i gcónaí don ghlaoiteoir, agus is é soláthraí cumarsáide leictreonaí an ghlaoiteora a íocfaidh an costas. Ag cur san áireamh an tábhacht fhoriomlán a bhaineann leis soláthar seirbhís freagartha glaonna éigeandala éifeachtúil, agus an rochtain uirthi, ba cheart aird chuí a thabhairt ar a chinntiú nach gcuirtear isteach choíche ar an nglaoiteoir le linn dó/di glao a dhéanamh ar an rochtain a sholáthraíonn an soláthraí cumarsáide leictreonaí de réir na Rialachán um Seirbhísí Uilíocha 2011.

## 2.8 RIALÁIL .IE

Rinneadh an tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000 a leasú leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, ag aistriú cumhachtaí do ComReg d'fhonn rialacháin a bhaineann le bainistíocht agus riarachán ccTLD .ie a dhéanamh..

In 2008 agus 2009 rinne ComReg mion-athbhreithniú ar IE Domain Registry Ltd (IEDR), t-oibreoir clárlainne atá ann faoi láthair agus chuir an t-oibreoir athruithe agus feabhsúcháin éagsúla i bhfeidhm mar thoradh air. Féadfaidh ComReg IEDR a cheapadh mar an údarás clárúcháin uair amháin a bheidh na príomhghnéithe den chreat rialála atá molta curtha i bhfeidhm[13], lena n-áirtear cur i bhfeidhm cosaintí imleora a chosnóidh leasanna fadtéarmacha gach páirtí leasmhara de chuid .ie. Chun é seo a dhéanamh b'fhéidir go mbeadh gá le tuilleadh príomhreachtaíochta a achtú.

## 2.9 CUNTASACHT RIALÁLA

Tá a fhios againn go maith an tábhacht a bhaineann le cuntasacht le haghaidh comhlachta rialála neamhspleách agus oibríonn ComReg lena pháirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go n-oibríonn sé laistigh de na Prionsabail um Rialáil Níos Fearr[14].

Cinntítear rialáil neamhspleách, trédhearcach atá bunaithe ar fhainaise i gcreat cuntasachta ComReg, arb é seo an tástáil litmis maidir le creidiúnacht idirnáisiúnta mar rialtóir den scoth.  Cinntítear trínár n-úsáid, más cuí, de nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí, Measúnuithe ar Thionchar Rialála (RIAanna), fóraim tionscail agus dár bpainéil chomhairleacha go gcuirtear dearcthaí ár bpáirtithe leasmhara ar fad san áireamh inár bpróiseas cinnteoireachta. Cinntítear tríd chomh maith go bhfuil iarmhairt ár gcinntí comhréireach, éifeachtúil maidir le leasanna leathana na bpáirtithe leasmhara ar fad.

Déanann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas (C&AG) iniúchadh ar ComReg. Cuirtear béim i Ráiteas an Rialtais maidir le Rialáil Eacnamaíoch ar an ngá le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht i ngnó na rialála. Is freagracht í seo a ghlacaimid i ndáiríre. Tá sé ríthábhachtach, ag cur san áireamh ár sainordú atá ag méadú agus an clár oibre um leasú ar an earnáil phoiblí, go gcuirfimid scrúdán leanúnach agus dian i bhfeidhm ar na costais uile a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí.

Tá ComReg cuntasach don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna, agus féadfaidh an tAire treoracha beartais a eisiúint chuig ComReg de réir fhorálacha an Achta um Rialáil Cumarsáide 2002. Tá ComReg faoi réir scrúdán parlaiminte ag Coistí ábhartha an Oireachtais agus ceanglaítear orainn Ráiteas um Straitéis a ullmhú agus a chur i láthair gach dhá bhliain agus Tuarascáil Bhliantúil, Plean Gníomhaíochta, cuntais agus réamhaisnéis airgeadais a chur i láthair gach bliain. Tá ComReg cuntasach dá chinntí agus dá iompar trí mhaoirseacht bhreithiúnach, reachtaíocht maidir le hEitic in Oifigí Poiblí agus reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise.

[11] http://www.irishstatutebook.ie/pdf/2007/en.act.2007.0022.pdf
[12] Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáidí Leictreonacha) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011.
[13] ComReg Doiciméad  09/01 - Rialála .ie Freagairt do Chomhairliúchán
[14] Rialáil níos Fearr: Páipéar Bán Rialtais ina leagtar amach na sé phrionsabal um Rialáil Níos Fearr, Eanáir 2004.
[15] Ar fáil ag: http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_2011/Government_Statement_on_Economic_Regulation.pdf

# 3.

# Comhthéacs agus Comhshaol Straitéiseach

## 3.1 TREOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN TOMHALTÓIRÍ

***Tá seirbhísí agus táirgí cumarsáide riachtanach do thomhaltóirí***

Gan dabht, tá srianta diana os comhair thomhaltóirí agus ghnóthaí na hÉireann maidir lena gcumhacht cheannaigh i diaidh an choir chun donais eacnamaíoch. Bhí an t-éileamh ar tháirgí agus seirbhísí cumarsáide an-athléimneach ar fad agus léiríonn sé seo nádúr riachtanach na seirbhísí seo do chustaiméirí agus do ghnóthaí.

Maidir le tomhaltas sainiúil táirgí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, molann an banc infheistíochta Nomura maidir leis an Eoraip "go bhfuil an caiteachas cumarsáide fós measartha athléimneach [ó bhí 2009 ann], ach is cinnte go bhfuil sé chun deiridh i dtaca leis na costais bia agus fuinnimh, agus is cosúil go rachfar i gcion air sna margaí sin ina bhfuil an cúngach déine is measa".


Nuair a cuireadh ceist orthu an raibh iarmhairt ag an gcúla ár a n-úsáid d'theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, shonraigh 19% d'fhreagróirí ar shuirbhé de chuid ComReg[16] le gairid go ndearna siad géarsiopadóireacht le haghaidh pacáistí nó margaí níos saoire, agus shonraigh 17% díobh gur laghdaigh siad á n-úsáid de sheirbhísí teicneolaíochta i gcoitinne. Ní chuir ach 1% a nasc leathanbhanda ar ceal, chuir 2% a líne talún ar ceal agus chuir 3% á seirbhís íoca teilifíse ar ceal.

Léirítear roinnt laghduithe ar fud tithe tuaithe agus uirbheacha i gcaiteachas ar sheirbhísí líne talún, seirbhísí móiblíleacha agus rochtain ar an idirlíon i sonraí ó Shuirbhe ar Bhuiséad Tí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) le haghaidh 2009-2010. Mar sin féin, i gcomparáid le sonraí maidir le leathanbhanda agus dul i bhfód ar an idirlíon, agus go háirithe maidir le húsáid teicneolaíochtaí móibíleacha agus glacadh seirbhísí cuachta, léiríonn na sonraí seo maidir le caiteachas go bhfuil tomhaltóirí ag lorg agus ag fáil luacha níos fearr ar an airgead a chaitheann ar sheirbhísí teileachumarsáide.

Dá réir sin tá méadú tagtha ar an iomaíochas i bpraghsáil cumarsáide agus tá oibreoirí ag lorg samhlacha praghsála úra a fhorbairt, amhail pacáiste sonraí leathanbhana aonair a bheidh nasctha le hilghléasanna, agus/nó praghsáil bunaithe ar úsáid seachas táille bunráta.

[16] http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg1196b.pdf

**Figiúr 2: Caiteachas seachtainiúil Tí ar Chumarsáid, 2005-2010**





Foinse: An Príomh-Oifig Staidrimh

***Tá praghsáil cumarsáide cobhsaí***

I gcoibneas leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí foriomlán, bhí boilsciú na cumarsáide measartha comhréidh ó thosaigh an cúlú in 2008. Sna 12 mhí go dtí Feabhra 2012, mhéadaigh an meánchiseán cumarsáide 1.4%, i gcomparáid le 2.1% le haghaidh phraghsanna na n-earraí agus seirbhísí tomhaltóirí uile. I bhfigiúr 3 thíos taispeántar an boilsciú praghas cumarsáide i gcoibhneas leis an mboilsiú praghais iomlán maidir leis na hearraí agus seirbhísí tomhaltóirí uile.

**Figiúr 3: An Praghasinnéacs Tomhaltóirí agus an Fhochomhpháirt Cumarsáide**




Foinse: An Príomh-Oifig Staidrimh


Caitheann an meántomhaltóir thart ar 3.5% dá n-ioncam míosúil ar tháirgí agus ar sheirbhísí cumarsáide, i gcomparáid le 18% ar thithíocht, 16% ar bhia agus 14% ar iompar.

Tá comhshuíomh an chaiteachais seo ag athrú fosta – féach Figiúr 4 thíos. I Suirbhé ar Bhuiséad Tí[17] a rinne an CSO le gairid fuarthas go raibh líne gutháin sheasta i 70% teach in 2010 i gcomparáid le 86% in 2005, agus mhéadaigh glacadh fóin phóca 12% agus mhéadaigh dul i bhfód ar an idirlíon os cionn 20% sa tréimhse chéanna.

***Úsáid tomhaltóirí atá ag méadú agus níos sofaisticiúla de chumarsáid leictreonach***

**Figiúr 4: Rochtain tí maidir le gléasanna**


Úinéireacht tí ar ghléasanna/fearais




Foinse: An Príomh-Oifig Staidrimh

Tá glacadh an leathanbhanda fós ag fás le dhá bhliain anuas mar aon go deimhin leis na meándlúsanna leathanbhanda, arna spreagadh go páirteach ag rogha láidir úsáideoirí le haghaidh tomhaltas físeán agus le haghaidh seirbhísí ábhair eile amhail an nuacht agus líonraí sóisialta. Tá cinéal éigin leathanbhanda i thart ar 65% teach in Éirinn, atá comhoiriúnach le mean an AE-27 tríd is tríd – féach Figiúr 5 thíos. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis an athrú ar roghanna tomhaltóirí maidir le teicneolaíocht mhóibíleach, rochtain leathanbhanda agus seirbhísí cuachta maidir le réimsí amhail an soláthar seirbhíse uilíche amach anseo.

**Figiúr 5: Dul i bhfod ar Leathanbhanda Tí 2006-2011**




Foinse: An Príomh-Oifig Staidrimh

[17] http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/housing/2010/0910first.pdf
[18] http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/economy/2011/qna_q42011.pdf

I ngeall ar an gcineál seirbhísí cumarsáide tá gá ann lena chinntiú go ndéantar tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas go himleor. Tá sé riachtanach cur chuige soiléir agus comhsheasmach a bheith ann ar chomhlíonadh lena chinntiú go gcloíonn oibreoirí go hiomlán lena n-oibleagáidí do thomhaltóirí. Dar le ComReg, bíonn oibreoirí freagrúil dá n-oibleagáidí rialála a chomhlíonadh go ginearálta, ach d'fhéadfadh gá a bheith le bearta níos déine i gcásanna áirithe.

Mar chur chuige comhlántach ar chomhlíonadh, leanann ComReg ag féachaint dá chinntiú go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas go hiomlán maidir lena gconarthaí agus raon na seirbhísí agus earraí atá á dtairiscint, agus táthar ag súil go gcuirfeadh é seo ann féin bac ar fhorbairt na bhfadhbanna córasacha. Mar fhreagairt do na treochtaí seo, leanfaidh ComReg de bhéim a chur ar a chinntiú go dtuigeann tomhaltóirí na tairiscintí táirgí sa mhargadh, amhail beartáin, na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le síntiúis, agus an próiseas chun aistriú idir soláthraithe agus/nó pacáistí seirbhísí. Ar deireadh beidh ar ComReg athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat um sheirbhís uilíoch maidir leis an earnáil cumarsáide leictreonaí ar bhonn rialta, lena chinntiú go dtagann sé le dálaí an mhargaidh agus forbairtí ionchais.

Cuireann Caibidil 4 tuilleadh sonraí ar fáil maidir leis na tosaíochtaí agus bearta atá molta ag ComReg chun tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas.

**Ag Costas Leasanna na dTomhaltóirí**

**Sprioc Ardleibhéil#1**

Leasanna na dtomhaltóirí a chosaint maidir le seirbhísí cumarsáide trí iad a chosaint agus a chumhachtú

## 3.2 IONCHAS IOMAÍOCH

***Dálaí eacnamaíocha dúshlánacha fós follasach***

Ó d'fhoilsigh ComReg a Ráiteas um Straitéis deireanach in 2010, tá na dálaí eacnamaíocha dúshlánach fós, sa bhaile agus ar fud an domhain araon. Léirítear ó shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh[18] (CSO) cé go bhfuil méadú tagtha ar an OTI ó thart ar 0.7% in 2011, chrapaigh an OTN thart ar 25%, ag léiriú go bhfuil an t-éileamh baile agus an

# 3.

# Comhthéacs agus Comhshaol Straitéiseach

(ar lean)


t-aschur tionscail lag go fóill. Ag féachaint chun tosaigh, réamh-mheasann an an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), ina Trácht Eacnamaíochta Ráithiúil[19] (Geimhreadh 2011), go dtiocfaidh fás imeallach 0.9% ar an ngeilleagar in 2012 (i gcomhthéacs OTI), agus meastar fás 0.5% i bhfeasachán ráithiúil[20] an Bhainc Cheannais sa tréimhse chéanna.

Bhí na dálaí an-dúshlánach d'imreoirí margaidh ag a raibh ardleibhéil fiachais. I nuashonrú trádála[21] a eisíodh i mí Feabhra 2012, léirigh Eircom go raibh tionchar diúltach ag muinín íseal custaiméirí agus iomaíocht íseal ar an meánioncam óna gcustaiméirí líne seasta agus fóin phóca. Tugadh oibreoirí fóin phóca iarmhairt geilleagair lag ar a n-oibríochtaí in Éirinn chun suntais chomh maith. Tháinig laghdú 7% ar ioncam O2 idir ráithe 3 agus ráithe 4 2011 agus shonraigh sé[22] gur *"lean an timpeallacht trádála de bheith an-deacair sa cheithre ráithe in 2011, agus ár gcustaiméirí ag leanúint dá gcaitheamh míosúla a bharrfheabhsú"*. Chuir rialáil rátaí fánaíochta agus foirceanta iarmhairt dhiúltach ar ioncam an tionscail chomh maith, cé go bhféadfaí é seo a fhritháireamh leis an iarmhairt dhearfach a mbeidh ag laghdú táillí dá leithéidí trí húsáid mhéadaithe custaiméirí a spreagadh.

De réir mar atá moill nó meathlú tagtha ar fhás ioncaim bhí ar sholáthraithe cumarsáide oiriúnú do na treochtaí cúlaitheacha. Ar an iomlán, gineadh €3.83 billiún in ioncam san earnáil cumarsáide leictreonaí in Éirinn sa bhliain go dtí deireadh mhí na Nollag 2011, laghdú 4% ar mhí na Nollag 2010. Taispeántar na naisc láidre idir fás eacnamaíoch agus tomhaltas seirbhísí cumarsáide leictreonaí i bhFigiúr 6 thíos.[23].

Léiríonn an laghdú seo go leantar de bhrú a chur ar chorrlaigh tionscail in ainneoin costchiorraithe, fócais ar sruthanna ioncaim eile, samhlacha praghsála, agus comhdhlúthaithe. Molann Analysys Mason go laghdóidh ioncam miondíol fóin phóca ó €117 billiún in 2010, go dtí €112.8 billiún in 2013, agus ansin méadóidh siad píosa beag go dtí €114.7 billiún faoi 2016[24]. Is é an dúshlán atá le sárú ag oibreoirí bealaí a fháil chun an t-ioncam foriomlán a mhéadú lena gcinnteofar go mbeidh siad ábalta leanúint d'infheistiú i dtáirgí agus i seirbhísí úra.

**Figiúr 6: Ioncam Cumarsáide & OTN 2007-2011**




Foinse: Comreg agus an Phríomh-Oifig Staidrimh

Beidh tuilleadh brú ar sholáthraithe le linn na céad dhá nó trí bliana eile maidir le hinfheistiú i gcumas leathanbhanda agus speictream, trína chinnteofar gur féidir leo an bandaleithead agus na hardseirbhísí a bheidh ag teastáil le freastal ar an éileamh ó chustaiméirí a sholáthar. Beidh sé dosheachanta go mbeidh roghanna bonneagair ríthábhachtach agus d'fhéadfadh sé go n-éireoidh cineálacha úra cur chuige níos tarraingtí do chustaiméirí amhail roinnt costas idir oibreoirí (m.sh. trí chomhinfheistíocht i líonraí) roinnt líonraí éighníomhach. Ní gá mbíonn iarrachtaí comhoibríocha dá leithéidí frithiomaíoch ach bíonn gá ag an rialálaí dlúthmhonatóireacht a dhéanamh orthu.

Is é ag an bpointe seo a bhíonn an tábhacht is mó ag baint le ról ComReg agus a shoiléireacht dá gcineálacha cur chuige. Ar an taobh amháin, bheadh iompar frithiomaíoch ar bith a d'fhéadfadh tarlú as dlúth-chomhoibriú idiroibreoirí mí-chuí, agus ar an taobh eile, beidh gá le cinnteacht rialála – ina bhféadfadh staonadh calabraithe agus/nó dreasachtaí infheistíochta a bheidh san áireamh – d'fhonn muinín maidir le hinfheistíocht a sholáthar. Ar ndóigh tarlóidh scrúdú ComReg maidir le togra comhoibríoch, laistigh de chomhthéacs a fheidhmeanna, chuspóirí reachtúla agus dualgas reachtúil agus, é seo á chur san áireamh, ba cheart go mbeadh sé ar chumas páirtithe leasmhara na cineálacha fadhbanna agus buarthaí a d'fhéadfadh tarlú a shainaithint dóibh féin. Tá staid ComReg maidir le comhoibriú idir oibreoirí gléasanna gan sreang leagtha amach in Alt 4.4 den Ráiteas um Straitéis maidir le Bainistíocht an Speictrim 2011-2013 (ComReg 11/89). Phléigh ComReg comhoibriú i gcomhthéacs infheisíocht NGA in Alt 11 dá Chomhairliúcháin le gairid ar NGA (ComReg 12/27) chomh maith.

Dreasacht thábhachtach amháin í maidir le hinfheistíocht ná praghsanna miondíola cuí a chinntiú. B'fhéidir go dtabharfar dreasachtaí cothromaithe agus éifeachtúlacha isteach, más gá, trí mheán leigheasanna rialála. Go

[19] http://esri.ie/UserFiles/publications/QEC2011Win.pdf
[20] http://www.centralbank.ie/publications/Documents/Quarterly%20Bulletin%20Q2.pdf
[21] http://pressroom.eircom.net/press_releases/article/eircom_Trading_Update/
[22] http://www.o2online.ie/o2/uploads/pdfs/press/FINAL%20Q4%20local%20KPI%20release.pdf
[23] Cé go dtarlaíonn moilliú corruair idir athruithe ar leibhéal maicreacnamaíoch agus athruithe in ioncam earnála.
[24] http://www.analysysmason.com/About-Us/News/Insight/Insight-Mobile-retail-forecasts-Mar2012/

sonrach, is réimse é pragsáil rochtana atá ag éirí níos tábachtaí i gcónaí, cibé acu i gcomhair LLU nó NGA, agus is é seo príomhréimse fócais do ComReg.

Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí neamhchomhlíonadh oibreoirí, oibríonn ComReg próiseas trína bhféachtar do réiteach éifeachtúil cásanna um neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear caingean dlí más cuí. Is próiseas leanúnach é seo agus leanfaimid dár dtuarascálacha leathbhliantúla ina sainaithnítear bearta a rinneadh a fhoilsiú.

Tabharfaidh ComReg faoi bhearta iomaíochta tábhachtacha eile le linn fhráma ama an Ráitis seo arna liostú agus arna chur síos i gCaibidil 5.

**Iomaíocht a chur chun Cinn**

## Sprioc Ardleibhéil #2

Rialáil éifeachtúil agus chomhréireach a chur i bhfeidhm d'fhonn iomaíocht dhinimiciúil agus inbhuanaithe a éascú

### 3.3 TREOCHTAÍ I NUÁLAÍOCHT AGUS INFEISTÍOCHT CUMARSÁIDE


***Fás i nglacadh gléasanna móibíleacha agus úsáid sonraí móibíleacha***

Sainaithníodh treocht sa Ráiteas um Straitéis deireanach maidir le rochtain gan sreang agus mhóibíleach gach áit, mar aon le rogha mhéadaithe ar ábhair físe, cé acu arna sheachadadh trí sholáthraithe seirbhísí nó arna ghiniúint ag úsáideoirí. Leanann sé seo de bheith ina phríomhspreagthach i gcomhair an leathanbhanda mhóibíligh den chéad ghlúin eile. Lena chois sin, tabharfaidh an fás i gcumarsáid meaisín le meaisín (m.sh córas i gcarranna le haghaidh faisnéis sábháilteachta, loingseoireacht bóithre agus tráchta, méadrú cliste fóntas srl), cumhacht den chéad tréimhse eile fáis i gcumarsáid mhóibíleach uileláithreach chomh maith. Go deimhin, tá thart ar 6.6 billiún nasc móibíleach ar fud an domhain cheana, agus is cosúil go ndéanfar 50 billiún gléas móibíleach a nascadh faoi 2020, de réir Ericsson[25]. Is treochtaí spreagúla iad seo a mbeidh iarmhairt láidir acu ar an éileamh ar an speictream, dearadh agus forbairt príomhlíonraí rochtana gan sreang agus ar an ábhar atá ar fáil ar fud gach cineáil líonra.

Dearbhaítear an fás pléascach i dtaighde eile a rinne Cisco, [26] le trácht sonraí móibíleacha domhanda ag fás thar ar 133% in 2011, agus thart ar 52% de ina bhfíseáin ar ghléasanna móibíleacha. Léirítear i dtaighde Cisco gur tháinig méadú ar thrácht Fón Cliste in 20011 go dtí 150 MB in aghaidh na míosa, agus trácht sonraí ríomhairí glúine móibíleacha ag cur nach lú ná 2.1 GB leis in aghaidh na míosa. Ag tacú leis an treocht seo chomh maith, thuairiscigh an Cumann GSM[27] "go bhfuil sé réamh-mhéasta go dtiocfaidh fás 90% ar shonraí móibíleacha, arna spreagadh ag fás ollmhór i leathanbhanda móibíleach agus Fóin Chliste le haghaidh na gcéad cúig bliana le teacht".

Cé nach ionann Fóin Chliste agus 12% de na sáis láimhe atá á n-úsáid inniu ar fud an domhain, de réir Cisco is ionann iad agus os cionn 82% den trácht sáis láimhe ar fad. Baineann fíor-impleachtaí leis seo maidir le héileamh amach anseo in Éirinn, le thart ar 750,000 úsáideoir d'Fóin Chliste ar leabhair oibreoirí cheana faoi mhí an Mheithimh 2011[28] agus le glacadh tapa d'Fhóin

**Figiúr 7: OECD Síntiúis ar Leathanbhanda gan Sreang in aghaidh na 100 áiritheoir**
Trí theicneolaíocht Meitheamh 2011




Foinse: CSO, HBS 2009-201

[25] http://www.mobileworldlive.com/mwc12-ericsson
[26] http://www.cisco.com/en/US/solutions/collateral/ns341/ns525/ns537/ns705/ns827/white_paper_c11-520862.html
[27] http://www.gsma.com/articles/gsma-releases-european-mobile-observatory-outlining-key-developments-in-the-mobile-industry/20876
[28] http://www.return2sender.ie/Return2Sender%20Mobile%20Research%202011.pdf

# 3.

# Comhthéacs agus Comhshaol Straitéiseach
(ar lean)

Chliste níos sofaisticiúla fós ag tarlú anseo. Tá an treocht spreagtha ag éileamh custaiméirí ar nascacht a bhíonn ar siúl i gcónaí, ardghléasanna amhail fóin chliste agus táibléid, mórchuid feidhmchlár atá ar fáil (nó "Apps"), agus promóisin oibreoirí. I bhFigiúr 7 thíos taispeántar ráta glactha an-fholláine in Éirinn madiir le síntiúis thiomanta leathanbhanda gan sreang (ag úsáid meicníochtaí agus bealaí seachadta éagsúla) i gcomparáid le glacadh i dtíortha ECFE eile.

Tá coinbhéirseacht sna hearnálacha cumarsáide agus TF chun tosaigh go maith anois agus gan dabht spreagfaidh sé seo infheistíochtaí agus nuálaíochtaí úra, a bhfhéadfadh samhlacha gnó aistrithe a bheith mar thoradh orthu. Cuirfidh domhan ar líne diminciúil, a bhfuil rogha tomhaltóirí threisithe curtha ar fáil aige cheana i dtéarmaí ábhar agus feidhmchlár mealltach agus úsáideach, deiseanna ar fáil don tionscal cumarsáide d'fhonn ioncam úr a bhaint as seirbhísí agus feidhmchláir nuálacha.

Gan amhras beidh dúshlán ar an tionscal an t-éileamh níos troime agus na lóid sonraí an-mhéadaithe ar fad mar thoradh ar na seirbhísí nuálacha agus na gléasanna teirminéil sin a láimhsiú. Dá bhrí sin, beidh tacaíocht ComReg do nuálaíochtaí agus infheistíochtaí an tionscail féin mar fhreagairt do na héilimh sin, lena n-áirítear leithdháileadh stuama acmhainní speictrim na hÉirinn, ríthábhachtach do thacaíocht don fás todhchaí seo. Imríonn na seirbhísí 'Over the Top' (OTT) páirt chomh maith trí ghníomhú mar thiomántóirí san oll-éileamh seo, cibé acu an mbeidh na seirbhísí agus na feidhmchláir seo ag teacht isteach go hÉirinn nó ginte in Éirinn. Go dtí seo tá tacaíocht á tabhairt ag oibreoirí Éireannacha maidir leo sin agus aithníonn siad a luach i dtaca le fás a spreagadh, agus dá réir sin ní raibh glancheisteanna neodrachta a tháinig chun cinn in áiteanna eile chomh follasach in Éirinn. Chun leasanna úsáideoirí a chur chun cinn agus chun seirbhísí agus feidhmchláir nuálacha a spreagadh, mairfidh ComReg faireach agus airdeallach ar phráinn na gceisteanna sin in Éirinn.

***Tá cur i bhfeidhm na rochtana den chéad ghlúin eile ar siúl***

Tá éileamh ar luasanna leathanbhanda sheasta feabhsaithe ag forbairt chomh maith, agus chuir roinnt cuideachtaí táirgí ardluasa i bhfeidhm gan costas breisíoch nó ar chostas breisíoch an-íseal don tomhaltóir go minic. Tá fáil ag thart ar 20% de shíntiúsóirí in Éirinn ar luasanna atá sa bhreis ar 10 M/giotán. Tá gnóthaí a theastaíonn naisc chumais arda uathu ag glacadh seirbhísí Ethernet úra agus níos gaiste ó roinnt soláthraithe. Ina theannta sin, léirítear i bhfianaise le gairid ó thaighdeoirí ar nós Analysys Mason go bhfuil roinnt tomhaltóirí a bhí ag brath ar an leathanbhanda móibíleach roimhe seo nó a chuir a líne sheasta ar ceal ag aistriú ar ais go dtí seirbhísí seasta chun rochtain a bheith acu ar na luasanna leathanbhanda atá ar fáil anois.

Tá tábhacht ag baint le Tascfhórsa an Rialtais um Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile agus an Clár don Rialtas chomh maith maidir le cur i bhfeidhm NGA. Cuireann ComReg san áireamh na dúshláin a bhaineann le leathanbhanda ardluasa uilíoch a sheachadadh in Éirinn agus oibreoidh sé leis an Rialtas agus leis an tionscal chun réitigh trína sháraítear na deacrachtaí sin a chur chun cinn.

***Aistriú an chraolacháin dhigitigh le tarlú i mí Dheireadh Fómhair 2012***

Cuirfear deireadh leis an gcomhartha teilifíse analógach saor in aisce an 24 Deireadh Fómhair 2012. Soláthróidh an t-aistriú go Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) clárú saor in aisce do thomhaltóirí le ardcháilíocht pictiúir agus fuaime. Le taobh an tairbhe seo do thomhaltóirí, cuirfidh an t-aistriú digiteach acmhainní speictrim ar fáil, ag cur deise ar fáil do ComReg chun níos mó speictrim a thairiscint maidir le leathanbhanda móibíleach tríd an mbanna 800MHz.

Tá aghaidh tugtha ag ComReg ar dhúshláin um chomhordú maidir lena chinntiú go n-éireofar leis an lasc as analógach faoi mhí Dheireadh Fómhair 2012 anois, i gcomhair le páirtithe leasmhara eile. Déileálfaidh ComReg le ceisteanna trasnaíochta trasteorann ar bith a tharlódh i ngeall ar an aistriú digiteach i gcomhair le gníomhaireachtaí rialála na Ríochta Aontaithe.

***Tástáil & Triail Éireann***

Tá rath suntasach bainte amach ag Tástáil & Triail Éireann (Test & Trial Ireland ) go dtí seo le os cionn 175 ceadúnas eisithe agus leanfaidh ComReg leis an móiminteam, ag cur an tsaoráid nuálach seo chun cinn trí cheardlanna agus trí sheimineáir d'úsáideoirí speictrim féideartha, taighdeoirí, nuálaiteh teicniúla, fiontraithe agus Gníomhaireachtaí Stáit.

***Soiléireacht an Rialála***

Beidh soiléireacht na rialála ag croílár chur chuige ComReg ar an obair a dhéanamh sé chun nuálaíocht agus infheistíocht a sholáthar go háirithe maidir le cinntí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chreat NGA solúbtha agus leithdháiltí speictrim amach anseo. Tá tuilleadh sonraí maidir le bearta molta ComReg sa réimse seo le fáil i gCaibidil 6.

## Sprioc Ardleibhéil #3

**Nuálaíocht & Infheistíocht a Éascú**

Cinnteacht rialála a chur ar fáil trína n-éascaítear nuálaíocht agus trína dtacaítear le hinfheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí cumarsáide

### 3.4 CÚLRA AGUS DÚSHLÁIN EAGRÚCHÁIN

***Mionscrúdú méadaithe ar earnáil phoiblí na hÉireann***

Ó d'eisigh ComReg a Ráiteas um Straitéis deireanach in 2010, d'éirigh an cúlú eacnamaíoch níos measa, in Éirinn agus ar fud an domhain araon. Ag deireadh 2010, ghlac Éire clár AE-CAI 3 bliana maidir le cúnamh agus tá a feidhmíocht eacnamaíoch faoi réir ag mionscrúdú náisiúnta agus idirnáisiúnta an-dlúth anois mar aon le cinntí buiséid an Rialtais agus a ghníomhaireachtaí coimhdeacha (ComReg san áireamh). Dá bhrí sin imreoidh an Clár don Rialtas, Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus an Creat Rialaithe Fostaíochta tionchar ar chumas ComReg a shainordú rialála a sheachadadh agus é a mhúnlú le linn shaolré an Ráitis um Straitéis seo. Déanfaidh an Rialtas athbhreithniú straitéiseach ar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus ar ComReg chomh maith (le déanamh i Meitheamh 2012) agus ní heol na himpleachtaí a bheidh aige seo ar ComReg go fóill.

***Fuair ComReg sainordú rialála fairsingithe***

Tháinig na dúshláin eagrúcháin sin chun cinn ag an am céanna a bhfuaireamar sainordú rialála níos fairsingithe (curtha síos air i gCaibidil 2). Áirítear ar an sainordú sin anois creat rialála úr an AE maidir le cumarsáid leictreonach a trasuíodh isteach i ndlí na hÉireann le Rialacháin le héifeacht ó mhí Iúil 2011, Clár Oibre Digiteach an Choimisiúin Eorpaigh, freagrachtaí méadaithe do PRS agus rialáil ainmneacha fearainn, rialáil na Seirbhísí Freagartha Glaonna Éigeandála, ainmniú mar údarás iomaíochta ag a bhfuil cumhachtaí comhiomaíochta agus léirscaoileadh iomlán maidir le seirbhísí an mhargaidh phoist. I gcoinne an chúlra eagrúcháin fhairsingithe sin, agus laistigh de shrianta na gciorruithe buiséid agus na gcaidhpeanna ar sholáthar foirne, ní mór do ComReg a chinntiú go leanfaidh sé ag oibriú go héifeachtach agus go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí uile do pháirtithe leasmhara go hiomlán, in Éirinn agus thar lear, don chéad dhá bhliain eile.  Chun é seo a dhéanamh, féachfaimid go gníomhach do bhealaí a fháil ina mbeimid ábalta oibriú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, agus beidh feabhas ar úsáid teicneolaíocht faisnéise ina phríomhfhócas maidir le táirgiúlacht a bhrú ar aghaidh. Ag baint feidhme as TF ar bhealaí nuálacha, cibé acu d'úsáid inmheánach nó úsáid sheachtrach, beidh sé ar ár gcumas ríomhsheirbhísí úsáideacha agus nuálacha a sheachadadh chuig ár bpáirtithe leasmhara. Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go leanfaimidh de mhodh comhréireach agus ábhartha agus tionscal cumarsáide diminiciúil agus spreagúil á rialáil againn.

## Sprioc Ardleibhéil #4

**Ag féachaint do Bharr Feabhas Eagrúcháin**

A bheith ina eagraíocht an-éifeachtúil agus nuálach a bheidh ina ionad barr feabhais ina dtacaítear lena dhaoine agus lena gcuirtear ar a gcumas cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

### 3.5 AN tACHT UM RIALÁIL CUMARSÁIDE (SEIRBHÍSÍ POIST), 2011 AGUS A IMPLEACHTAÍ MAIDIR LE CLÁR OIBRE COMREG

Tháinig an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist ), 2011 (an "tAcht") i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2011. Leasaítear feidhmeanna ComReg le hAlt 9 den Acht maidir le seirbhísí poist, mar a leagadh amach i dtosach in alt 10 den Acht um Rialáil Cumarsáid, 2002. Ó seo amach, áirítear an méid seo a leanas ar fheidhmeanna reachtúla ComReg:

(i) soláthar seirbhís poist uilíoch a chinntiú ina gcomhlíontar riachtanais réasúnta úsáideoirí na seirbhíse poist
(ii) monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh solátharaithe na seirbhíse poist agus a chinntiú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí atá forchurtha orthu trí nó faoi na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 go 2011 i dtaca le soláthar seirbhísí poist

Déantar cuspóirí ComReg maidir lena fheidhmeanna a fheidhmiú i dtaca le seirbhísí poist a sholáthar a leasú chomh maith (le hAlt 10 den Acht). Is iad na cuspóirí a bheidh i gceist amach anseo:

(i) vforbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus, go háirithe, infhaighteacht seirbhís poist uilíoch laistigh den Stát agus ón Stát ar phraghas réasúnta agus chun tairbhe úsáideoirí uile na seirbhíse poist
(ii) leasanna úsáideoirí na seirbhíse poist laistigh den Chomhphobal a chur chun cinn, agus
(iii) faoi réir fhómhír (i), forbairt iomaíochta agus nuálaíocht a éascú sa mhargadh maidir le soláthar seirbhís poist

Déanfaidh ComReg dréacht dá Ráitis um Straitéis Poist a ullmhú agus a fhoilsiú gan mhoill i gcomhair comhairliúcháin phoiblí le haghaidh na tréimhse go dtí 30 Meitheamh 2014. Sa dréach-ráiteas leagfar amach tosaíochtaí molta ComReg agus na bearta a dhéanfaidh sé d'fhonn na tascanna atá tugtha dó faoin Acht úr, agus an dóigh a gcinnteoidh sé go gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá forchurtha ar sholáthraithe seirbhíse faoin Acht, agus an dóigh a mbainfidh ComReg a chuspóirí reachtúla arna leagan amach san Acht amach.

# 4.

# Leas Tomhaltóirí a Chosaint

Leas Tomhaltóirí a Chosaint

## Sprioc Ardleibhéil #1

Leas tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a chosaint trí iad a chosaint agus a chumhachtú

Baineann tábhacht faoi leith le cosaint leasanna tomhaltóirí a rialáil go seasmhach san am dúshlánach seo. Cibé acu an mbíonn ComReg ag cur a bheartas i bhfeidhm nó ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag soláthraithe seirbhísí, is é cosaint leasanna tomhaltóirí an ceann tiomána go minic a bhaineann le hidirghabháil rialála.

Trína chinntiú go gcuirtear faisnéis shoiléir agus thrédearcach ar fáil is féidir tomhaltóirí a chumhachtú le freagairt dhíreach a thabhairt ar chásanna nuair nach mbíonn siad sásta agus ina lán cásanna is é seo an cur chuige rialála roghnaithe. Mar sin féin, i gcásanna eile, ní mór don rialálaí a bheith réidh chun beart luath agus daingean a dhéanamh ag díriú ar chóir mhíchothrom nó míréasúnta tomhaltóirí a cheartú. Tairgeann ComReg saoráid do thomhaltóirí le dul i dteagmháil lena líne tomhaltóirí chun cúnamh a fháil i ndéileáil le soláthraithe seirbhíse.

### 4.1 TOSAÍOCHT: TOMHALTÓIRÍ A CHOSAINT TRÍ BHEARTAS A CHUR I BHFEIDHM AGUS IDIRGHABHÁIL RIALÁLA A DHÉANAMH, MÁS GÁ

***Leasanna Tomhaltóirí***

Ní mór do thomhaltóirí a bheith lárnach maidir le gach cinneadh rialála a bhaineann lena leasanna. Cumhdaítear ceisteanna sna leasanna seo amhail rochtain ar sheirbhísí éigeandála, a bheith curtha ar an eolas faoi athruithe ar chonarthaí, roghanna bileálla dlisteanacha a bheith aitheanta dóibh, agus a bheith ar a gcumas a bhfóin a úsáid ar fud an AE, leis an muinín go gcuirfear in iúl dóibh nuair a bhíonn a dteorainn úsáide críochnaithe acu agus go mbeidh gach praghas ceart. Agus aghaidh á tabhairt ar na buarthaí sin, ní mór do ComReg na forbairtí agus treochtaí margaidh a bhreathnú, dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus a bheith feasach maidir lena sainordú i gcónaí.

Tá an fhreagracht ag ComReg ó bhí mí Iúil 2010 ann as rialáil cuideachtaí a thairgeann seirbhísí PRS ar féidir le húsáideoirí a cheannach tríd an gcostas a ghearradh ar a bhfóin. Is í sprioc fhoriomlán ComReg sa réimse seo a chinntiú go mbeidh tomhaltóirí chomh muiníneach agus chomh sábháilte agus PRS á úsáid acu agus a bhíonn siad ag úsáid seirbhísí cumarsáide eile. Aithníonn ComReg go rachaidh muinín tomhaltóirí chun tairbhe an tionscail de réir mar a dhéanfaidh an tionscal infheistíocht i seirbhísí úra agus nuálacha agus de réir mar a chuirfidh siad iad sin ar fáil don phobal. Tá tomhaltóirí freagrach as a ngníomhartha féin, áfach, agus díreoidh ComReg ar a chinntiú go gcuirfear ar an eolas go himleor iad d'fhonn go mbeidh siad ábalta iad féin a chosaint.

Sa lá inniu tá an Gréasán ina chuid lárnach de shaol tomhaltóirí, agus cumasaíonn ainmneacha fearainn idirlín ródú agus rochtain ar láithreáin Ghréasáin. D'fhonn soláthar éifeachtach seirbhísí clárlainne Éireannacha trína dtugtar an chosaint is fearr don leas náisiúnta a chinntiú, tugadh an fhreagracht do ComReg as bainistíocht agus rialáil an chóid tíre .ie a rialáil.

Tuigeann ComReg go bhfuil páirt le himirt ag eacnamaíocht iompair maidir le riachtanais agus iompar tomhaltóirí a chinneadh agus go dtí an méid seo déanfaidh ComReg tuilleadh taighde sa réimse seo le cuidiú lena leagan amach beartas lena mbaineann.

***Seirbhís Uilíoch (le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí)***

***Raon Feidhme agus Ainmniú na Seirbhíse Uilíche:*** Cinntítear tríd an oibleagáid um sheirbhís uilíoch go bhfuil bunseirbhísí fóin, lena n-áirítear rochtain ag suíomh seasta, ar fáil do gach tomhaltóir ar phraghas réasúnta. Ainmníodh Eircom mar an soláthraí seirbhíse uilíche an 1 Iúil 2010 ar feadh tréimhse dhá bhliain, ag éag ar 30 Meitheamh 2012. Tá comhairliúchán poiblí á eisiúint ag ComReg an mhí seo maidir leis an soláthraí (soláthraithe) seirbhísí amach anseo a ainmniú, le héifeacht ó 1 Iúil 2012. Pléitear raon feidhm na seirbhísí a bheidh á gcumhdach faoin oibleagáid um sheirbhís uilíoch sa chomhairliúchán.

***An Ciste Seirbhíse Uilíche:*** Tá bunú an Chiste um Sheirbhís Uilíoch faoi réir breathnú leanúnach ComReg. Tugadh aghaidh ar an gceist seo sa chomhairliúchán poiblí in 2011[29], mar aon leis na prionsabail agus na modheolaíochtaí atá le húsáid chun glanchostáil na hoibleagáide um sheirbhís uilíoch a ríomh.

[29] Comhairliúchán ar mheicníocht a roinnt maidir le Ciste USO ar bith: Prionsabail agus Modheolaíochtaí - ComReg 11/77

***Cáilíocht na Seirbhíse Uilíche:*** Measann an chuid is mó de thomhaltóirí go bhfuil táirgí agus seirbhísí cumarsáide riachtanach. Déanann ComReg a dhícheall tomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go mbaineann an soláthraí seirbhíse uilíche íoscháilíocht leibhéil seirbhíse amach. Leagann ComReg spriocanna feidhmíochta cuimsitheacha síos maidir le cáilíocht seirbhíse le haghaidh rochtana ag suíomh seasta chun é seo a bhaint amach. Foilsíonn ComReg fógraí faisnéise ar bhonn rialta maidir le feidhmíocht an soláthraí seirbhíse uilíche. Ó bunaíodh an córas reatha um cháilíocht seirbhíse rinneadh feabhsúcháin shuntasacha i dtaca le tarlú agus deisiúcháin lochtanna[30]. Leanfaidh ComReg de dhlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne na spriocanna sin.

***Billeáil agus Rialú Costais:*** Ní mór tomhaltóirí a chosaint ó 'shuaitheadh bille' agus muirir nach rabhthas ag súil leo. Leanfaidh ComReg d'aghaidh a thabhairt ar an gceist seo mar aon le ceisteanna eile a bhaineann le billeáil amhail billeáil ar líne agus bearta eile lena gcuideofar le tomhaltóirí muirir ar a mbillí a fhíorú.

***Trédhearcacht:*** Tá trédhearcacht a chinntiú ina phríomhchuspóir do ComReg.agus ba cheart go leanfadh sé de riachtanais na dtomhaltóirí a chomhlíonadh. Leanfaidh ComReg de www.callcosts.ie a bhainistiú agus a chothabháil lena chinntiú go mbeidh sé beacht agus trédhearcadh agus go dtiocfaidh an fhaisnéis ar phraghsanna agus taraifí do thomhaltóirí i dtaca le seirbhísí cumarsáide leictreonaí leis an margadh agus riachtanais faisnéise tomhaltóirí. Féachfaidh ComReg fosta d'aghaidh a thabhairt ar bhearnaí faisnéise ar bith do thomhaltóirí i dtaca lena bpatrúin úsáide aonair. Bíonn an cineál seo faisnéise de dhíth ar thomhaltóirí agus an t-oibreoir/an plean is oiriúnaí á roghnú acu.

Tá tús curtha ag ComReg le tionscadal agus is é is cuspóir leis modheolaíocht agus uirlis lena dtomhastar agus lena bhfoilsítear na luasanna leathanbhanda atá á bhfáil ag tomhaltóirí ag úsáid ardán éagsúil a fhorbairt agus a phíolótú.

***Rochtain agus Rogha Choibhéiseach:*** Maidir le hoibleagáidí ar bith arna mbunú ag ComReg chun rochtain choibhéiseach do thomhaltóirí atá faoi mhíchumais a bhaint amach beidh gá le hanailís a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine atá faoi mhíchumais nuair a chuirtear i gcompáráid iad leis na seirbhísí atá ar fáil do gach tomhaltóir. Leanfaidh ComReg de mhonatóireacht a dhéanbamh ar an rochtain agus an rogha ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí do thomhaltóirí atá faoi chumais i leith gach custaiméara agus molfaidh siad bearta a mheasfaidh siad a bheith cuí chun rochtain agus rogha chothrom a chinntiú. Leanfar dá Fhóram maidir le Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine atá faoi Mhíchumas a úsáid mar bhonn eolais i gcomhair obair ComReg sa réimse seo.

***Seirbhísí Ardráta:*** Chuir ComReg Cód Cleachtais tionscail leasaithe i bhfeidhm le gairid de réir reachtaíochta. Díreoidh ComReg ar a chinntiú go dtiocfaidh an t-ordú tobhaigh PRS le riachtanais rialála mar aon le treochtaí margaidh trí na seirbhísí reatha agus seirbhísí úra a éascú, amhail íocaíochtaí ar ghléasanna móibíleacha. Leanfaidh ComReg dá chóras ríomhcheadúnaithe lena mbaineann a fhorbairt maidir le húdarú soláthraithe PRS.

Bearta atá tagtha chun cinn ó thosaíocht 4.1

## BEARTA

4.1.1 Beartais chuí a chur i bhfeidhm i dtaca leis an tSeirbhís Uilíoch, lena n-áirítear raon feidhme, ainmniú, cáilíocht seirbhíse agus gnéithe ciste

4.1.2 Beartais chuí a chur i bhfeidhm i dtaca leis na cearta úsáideoirí faoi shainordú ComReg lena n-áirítear rochtain ar Sheirbhísí Éigeandála, Príobháideacht Sonraí, Ainmneacha Fearainn Idirlín, rochtain agus rogha choibhéiseach do thomhaltóirí atá faoi mhíchumais, fánaíocht agus cód cleachtais maidir le PRS

4.1.3 Dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara (m.sh. painéil chomhairleacha, grúpaí leas tomhaltóirí) maidir le ceisteanna beartas tomhaltóirí le dul i gcion ar an bpróiseas cinnteoireachta

4.1.4 Dochar tomhaltóirí a shainaithint trí mhonatóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh, ceisteanna agus treochtaí tomhaltóirí agus taighde agus bearta is gá chun tomhaltóirí a chosaint a chur i bhfeidhm

4.1.5 Leanúint de thionchar a imirt ar fhorbairtí dlí agus rialála náisiúnta agus Eorpacha maidir le beartas tomhaltóirí agus iad a ghlacadh

[30] ComReg 11/79

# 4.

# Leasanna Tomhaltóirí a Chosaint

(ar lean)

## 4.2 TOSAÍOCHT: TOMHALTÓIRÍ A CHOSAINT TRÍNA CHINNTIÚ GO nDÉANFAIDH SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE A nOIBLEAGÁIDÍ A MHEAS AGUS A CHOMHLÍONADH

Léirítear san anailís i gCaibidil 3 gur chuir fórsaí iomaíocha níos láidre agus béim tomhaltóirí ar dhea-luach brú síos ar phraghsanna ar sheirbhísí gutha agus sonraí. D'fhreagair soláthraithe seirbhíse don bhéim sin ar dhea-luach trí tairiscintí cuachta a chur ar fáil maidir le seirbhísí teileafónaíochta agus leathanbhanda agus chuaigh coigiltí chun tairbhe tomhaltóirí mar thoradh air sin. Mar sin féin, is féidir le téarmaí, coinníollacha agus praghsáil miondíola na dtairiscintí cuachta a bheith casta agus mearbhlach corruair. Ní mór d'oibreoirí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo trí fhaisnéis shoiléir agus thrédhearcach a chur ar fáil ag an bpointe díola agus trí bhilleáil bheacht a chur ar fáil. An príomhrud a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí tairiscintí cuachta casta agus samhlacha praghsanna miondíola úra a thuiscint ná trédhearcacht i dtaca le téarmaí na tairisceana agus billí beachta nach ngearrtar ach an costas ar na seirbhísí a soláthraíodh.

Is comhpháirteanna riachtanacha dár mionteagaisc um chosaint tomhaltóirí iad monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar oibleagáidí agus iniúchtaí a dhéanamh. Is é an dúshlán do ComReg cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn agus ag an am céanna nuálaíocht agus forbairt táirgí a thacú i margaí cumarsáide. Chun dul i gcion ar an gclár oibre, déanann ComReg anailís ar na treochtaí i dtaca leis na ceisteanna a thuairiscíonn tomhaltóirí do ComReg agus déanann sé suirbhéanna le cuidiú le réimsí curáim is ábhar agus treochtaí sa mhargadh a shainaithint.

Déanann ComReg monatóireacht ar fheidhmíocht Soláthraithe Seirbhíse i dtaca lena n-oibleagáidí do thomhaltóirí. Áirítear ar ár ngníomhaíochtaí monatóireachta:

***Rochtain ar Sheirbhísí Éigeandála:*** Déanann ComReg monatóireacht ar cháilíocht sheirbhís an tsoláthraí ECAS agus tuairscíonn sé é don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna agus leagann sé síos an táille um láimhsiú glaonna a d'fhéadfadh an soláthraí ECAS a ghearradh. Déanann ComReg monatóireacht chomh maith ar chomhlíonadh na Soláthraithe Seirbhíse maidir leis na Rialacháin um Sheirbhísí Uilíocha lena gceanglaítear ar ghnólachtaí na bearta uile riachtanacha a dhéanamh chun rochtain gan bhriseadh ar sheirbhísí éigeandála.

***Conarthaí:*** Leanfaidh ComReg dá chinntiú go gcloítear leis na riachtanais ar fad atá leagtha amach sa dlí sna conarthaí a thairgeann soláthraithe seirbhíse. Tá sé riachtanach go dtuigfidh tomhaltóirí a gceangaltáin chonarthacha agus nádúr na dtáirgí agus na seirbhísí a bhfuil siad ag íoc astu. Go sonrach tabharfaidh ComReg dlúth-aird ar fhad an chonartha, ar an íostéarma, na coinníollacha a bhaineann le deireadh a chur le conradh, athruithe ar théarmaí conartha agus údarú conartha úir nó athnuaite ag an gcustaiméir.

***Príobháideacht Sonraí:*** I reachtaíocht úr a tugadh isteach i mí Iúil 2012 beidh sé riachtanach dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí soláthraithe seirbhíse maidir le príobháideacht sonraí, lena n-áirítear cumarsáid gan iarraidh.

***Neodracht Líonra:*** Úsáidfear obair leanúnach BEREC, torthaí chomhairliúchán AE agus an Creat leasaithe 2009 mar bhonn eolais i gcomhair cur chuige foriomlán ComReg, agus is é sin ceist a bhaineann le cosaint tomhaltóirí agus leithcheal a sheachaint.

***Seirbhísí Ardráta:*** Ba cheart do thomhaltóirí ar mhaith leo PRS a úsáid é sin a dhéanamh agus fios iomlán acu go bhfuil an margadh á rialáil agus go bhfuil monatóireacht á déanamh air agus go gcloíonn soláthraithe PRS le Cód Cleachtais an tionscail. Maidir leis seo leanfaidh ComReg de mhonatóireacht a dhéanamh agus déanfaidh sé na bearta riachtanacha chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú.

***Trédhearcacht ó thaobh Praghsanna de:*** Tá trédhearcacht ina phríomhchuspóir de chuid ComReg agus tá gá le monatóireacht leanúnach lena chinntiú go bhfuil faisnéis ar phraghsáil ar fáil agus go gcuireann oibreoirí i láthair í ar mhodh trédhearcach agus de réir na n-oibleagáidí maidir le trédhearcacht táillí is infheidhme. Leanfaidh ComReg de www.callcosts.ie a bhainistiú agus a chothabháil chun faisnéis bheacht ar phraghsáil agus ar tháillí a chur ar fáil.

***Speictream Raidió:*** Ní mór monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an speictream agus ní mór bearta a dhéanamh más gá chun tomhaltóirí agus seirbhísí soláthraithe a chosaint ó thrasnaíocht. Tá sé seo ina dhúshlán faoi leith le tamall anuas toisc gur mhéadaigh líon na gcásanna um chomhlíontacht faoi dhó ó tharla an coir chun donais.

***Fánaíocht:*** Rinneadh caidhpeanna praghas mórdhíola agus miondíola agus bearta trédhearcachta a chuirtear i bhfeidhm nuair atáthar i dtaisteal i dtíortha AE eile a leagan amach sna rialacháin maidir le fánaíocht. Tá tuilleadh athruithe réamh-mheasta sa tréimhse amach romhainn lena n-áirítear caidhpeanna praghas miondíola le haghaidh sonraí agus rátaí laghdaithe le haghaidh SMS agus glaonna gutha. Lena chinntiú go mbainfidh gach tomhaltóir leas as an gcosaint a thugtar leo seo, beidh a gcur i bhfeidhm ag oibreoirí faoi réir monatóireachta leanúnaí.

***Aistriú:*** Cinnteoidh ComReg go bheidh custaiméirí ábalta a soláthraí teileachumarsáide a aistriú de réir na riachtanas agus, i gcás eisceachtaí (dá bhforáiltear sna rialacháin), cúiteamh a fháil.

***Seirbhís Uilíoch:*** Leanfaidh ComReg d'athbhreithniú agus de mhonatóireacht a dhéanamh ar gach gné den chreat um sheirbhís uilíoch san earnáil cumarsáide leictreonaí, le cois iad siúd a luadh thuas, lena chinntiú go dtagann an tseirbhís uilíoch leis na coinníollacha margaidh agus na forbairtí tuartha.

***Prótacal Idirlín don Ghuthú (VoIP):*** CLeanfaidh ComReg de mhonatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin theicniúla fhabhraithe agus ar bheartas idirnáisiúnta le haghaidh na seirbhísí uile VoIP, go háirithe iad siúd atá ag féachaint d'fheabhas a chur ar eispéireas an úsáideora, sábháilteacht na n-úsáideoirí agus slándáil agus sláine na seirbhísí.

Bearta atá tagtha chun cinn ó thosaíocht 4.2

## BEARTA

4.2.1 Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh seirbhísí soláthraithe maidir lena n-oibleagáidí a bhaineann le tomhaltóirí trí chláir mhonatóireachta, athbhreithniú ar cheisteanna agus gearáin tomhaltóirí, taighde agus modhanna eile agus an beart cuí a dhéanamh

4.2.2 Imscrúdú a dhéanamh agus beart comhlíontachta a dhéanamh más gá le haghaidh a thabhairt ar thrasnaíocht agus úsáid neamhcheadúnaithe den speictream agus tacaíocht theicniúil agus seirbhéanna a chur ar fáil lena chinntiú go gcomhlíonann trealamh agus gléasanna teirminéil na caighdeáin agus na riachtanais atá leagtha amach sa reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE.

## 4.3 TOSAÍOCHT: TOMHALTÓIRÍ A CHUMHACHTÚ TRÍNA CHINNIÚ GO BHFUIL FHAISNÉIS SHOILÉIR AGUS THRÉDHEARCACH AR FÁIL

Admhaímid gur cheart do tomhaltóirí a bheith ar an eolas agus cumhachtaithe go himleor agus na táirgí agus seirbhísí a oireann dá riachtanais agus dá mbuiséad á roghnú acu. Déanann ComReg teagmháil leis an tionscal lena chinntiú go mbhfuil faisnéis bheacht agus thrédhearcach ar fáil do thomhaltóirí i gcónaí. Tá sé seo sa bhreis ar bhearta a d'fhéadfaimid a ghlacadh sa chás go sainaithneoimid bearnaí faisnéise a théann i bhfeidhm ar thomhaltóirí.

Tá treocht soiléir tomhaltóirí ann i dtreo éilimh mhéadaithe ar luasanna leathanbhanda níos airde. Dá réir sin, tá gá ann le faisnéis shoiléir agus chuimsitheach ar na luasanna leathanbhanda iarbhír atá á bhfáil ag tomhaltóirí. Tá modheolaíocht agus uirlis bhainteach lena dtomhastar agus lena bhfoilsítear na luasanna leathanbhanda ar fud ardán ó sholáthraithe seirbhísí éagsúla á bhfobairt agus á bhpíolótú ag ComReg faoi láthair.

Úsáideann ComReg a láithreáin Ghréasáin do thomhaltóirí, líne tomhaltóirí, treoracha tomhaltóirí agus cláir fhor-rochtana chun faisnéis ábhartha agus thráthúil a chur ar fáil do thomhaltóirí.

Leanfaidh ComReg dá láithreáin Ghréasáin do thomhaltóirí a oibriú agus a fheabhsú lena n-áirítear:

- Cuireann **www.callcosts.ie** ar chumas tomhaltóirí na pacáistí atá ar fáil ó sholáthraithe seirbhísí aonair a chur i gcomparáid lena chéile agus measúnú a dhéanamh ar cibé pacáiste a thairgeann an luach is fearr (i gcomhthéacs praghais, gnéithe, seirbhísí, srl) dá n-úsáid sháiniúi. Soláthraítear sonraí ar os cionn 400 tairiscint cumarsáide ó os cionn 30 oibreoir faoi láthair ar an láithreán..

- cuireann **www.phonesmart.ie** ar chumas tomhaltóirí foinse seirbhís ardráta a shainaithint, sonraí faoi Chód Cleachtais an tionscail agus neamhchomhlíonadh ar bith a fháil amach agus sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse a fháil amach.

- coinníonn **www.askcomreg.ie** láithreán Gréasáin tomhaltóirí atá suas chun dáta ina soláthraítear soiléireacht i dtaca le ceisteanna cumarsáide coitiana a bhíonn ag tomhaltóirí.

# 4.
# Leasanna Tomhaltóirí a Chosaint
(ar lean)

Bearta atá tagtha chun cinn ó thosaíocht 4.3

**BEARTA**

4.3.1 Faisnéis shoiléir agus thrédhearcadh a chur ar fáil do thomhaltóirí i dtaca le seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag baint úsáide as ár ionad teagmhála líne tomhaltóirí, treoracha tomhaltóirí, cláir fhor-rochtana, láithreáin ghréasain agus meáin leictreonacha eile ionas go mbeidh níos mó eolais acu agus iad ag déileáil le soláthraithe seirbhíse agus níos muiníne agus cinntí á ndéanamh acu faoi sheirbhísí cumarsáide

4.3.2 Bearnaí faisnéise a shainaithint agus bearta cuí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu

## 4.4 TOSAÍOCHT: TOMHALTÓIRÍ A CHUMHACHTÚ TRÍ PHRÓISEAS um láimhsiú Gearán ÉIFEACHTÚIL TRÍNA CHINNTÍTEAR SÁSAMH TOMHALTÓIRÍ AGUS RÉITEACH TRÁTHÚIL NA nGEARÁN

Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse seirbhísí um láimhsiú gearán a thairiscint dá gcustaiméirí. Cinntíonn ComReg go bhfuil cód cleachtais ag soláthraithe seirbhísí maidir le láimhsiú gearán ina léirítear nósanna imeachta chun gearáin ó chustaiméirí a réiteach. Cuimsítear fráma ama sa chód cleachtais chun an custaiméir a atreorú go dtí ComReg nach faide ná deich lá oibre.  Thug ComReg caighdeán deonach um láimhsiú gearán isteach chun creat a chur ar fáil le haghaidh cur chuige seasmhach maidir le soláthraithe seirbhísí a bheith ag déileáil le gearáin ó chustaiméirí. Soláthraítear comhsheasmhacht agus cinnteacht sa chaighdeán seo faoi na seirbhísí do chustaiméirí atá á dtairiscint agus cuireann sé ar chumas tomhaltóirí é seo a chur san áireamh i gcinneadh nuair a bhíonn soláthraí seibhíse á roghnú acu. Leanfaidh ComReg d'fheabhsaithe a spreagadh maidir le láimhsiú gearán ó thomhaltóirí ag oibreoirí ionas go mbeifear ábalta fadhbanna a réiteach in am tráchtúil gan a bheith ar an tomhaltóir tuilleadh sásaimh a lorg ó ComReg.

Tá gach tomhaltóir i dteideal go ndéanfar a ngearáin a láimhsiú ar mhodh cothrom agus eifeachtúil. Leanann ComReg de sheirbhís cháilíochta um láimhsiú gearán a chur ar fáil ina dtairgtear ilbhealaí do thomhaltóirí le teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann cúram tomhaltóirí, lena n-áirítear trí chomhrá ar an nGréasán, trí théacs, ríomhphost agus tríd an bhfón. Cuirfidh ár bhfoireann tomhaltóirí ar an eolas maidir leis na seirbhísí a bhfuil sé d'oibleagáid ag an soláthraí seirbhíse iad a thairiscint agus, sa chás nach ndéantar gearán ó thomhaltóir a réiteach, déanfaimid athbhreithniú ar an gceist, de réir an cháis, ag formhéadú más cuí.

Bearta atá tagtha chun cinn ó thosaíocht 4.4

**BEARTA**

4.4.1 Feabhsaithe a bhrú ar aghaidh i láimhsiú soláthraithe seirbhísí maidir le gearáin ó chustaiméirí

4.4.2 Leanúint dár meicníocht láimhsithe gearán a fhorbairt agus a fheabhsú d'fhonn saoráid éifeachtúil a thairiscint do thomhaltóirí chun ceisteanna tomhaltóirí nár réitíodh trí láimhsiú gearán soláthraithe seirbhíse a cheartú

# 5.

# Iomaíochas a chur chun Cinn

**Iomaíochas a chur chun Cinn**

## Sprioc Ardleibhéil #2

Rialáil eifeachtúil agus chomhréireach a chur i bhfeidhm chun iomaíocht dhiminiciúil agus inbhuanaithe a éascú

Tá margadh iomaíoch tábhachtach maidir leis na seirbhísí is fearr atá ar fáil a chur ar fáil d'úsáideoirí ag na praghsanna is fearr, agus ag an am céanna cuireann sé na himreoirí margaidh ar fad ar mhachaire réidh. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ní mór do ComReg athmheasúnú a dhéanamh ar a chur chuige rialála chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar imreoirí margaidh agus a ndreasachtaí le haghaidh infheistíochta, mar aon leis an tairbhe do thomhaltóirí. Féadann iomaíocht cur le háit mhargaidh Éorpach láidir agus nuálach, chomh maith le teacht chun cinn líonraí rochtana ardluasa Den Chéad Ghlúin Eile agus rogha leathan de seirbhísí agus d'fheidhmchláir úra agus chomhtháite.  Le cois anailísí agus leigheasanna margaidh dea-bhreathnaithe, leanfar de chur chuige ComReg maidir le bainistíocht éifeachtúil ar speictream raidió agus acmhainní uimhrithe na hÉireann de bheith lárnach maidir leis na torthaí seo a bhaint amach.

### 5.1 TOSAÍOCHT: CUR I BHFEIDHM DE LÍONRAÍ IOMAÍOCHA ROCHTANA A ÉASCÚ AGUS A CHUR CHUN

Déanfaidh ComReg cur i bhfeidhm de líonraí rochtana an chéad ghlúin eile ("NGA") a éascú agus a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt do na himreoirí margaidh a leanann ar aghaidh le malairtí a dhíchuachadh do sheirbhísí na glúine reatha, lena n-áirítear, mar shampla, seirbhísí díchuachta na lúibe logánta ("LLU").

Is aidhm thabháchtach ag údaráis rialála infheistíocht éifeachtach a éascú agus, dá bhrí sin, tá cothromaíocht riachtanach idir oibreoirí a spreagadh le líonraí nua a thógáil, nuair is féidir teacht chun cinn de bhaic iomaíochais a chosc, agus dúbáilt neamhéifeachtach de líonraí a sheachaint. Lean ComReg sa chéad dul síos córas de rialáil bunaithe ar dhreasacht I gcónaí, nuair a dhéanaimid iarracht dreasacht don aonán rialaithe chun a chuid seirbhísí a fheabhsú, a chostais a laghdú agus freastal ar a chustaiméirí mórdhíola ar bhealach níos fearr. Is tasca casta é seo, de thairbhe go bhfuil athrú ag teacht go tapa ar theicneolaíocht, ar sheirbhísí agus ar na dinimicí d'éileamh mhórdhíola agus miondíola.

Tá líonraí NGA á gcur i bhfeidhm faoi láthair ag roinnt oibreoirí ar fud na hEorpa, lena n-áirítear Eircom[31] agus UPC, líonraí a thabharfaidh tacaíocht do réimse táirgí agus seirbhísí nua agus nualaíoch leathanbhanda ardluais, agus tairbhí féideartha ann do thomhaltóirí agus do ghnóthais. Sa chás go bhfuil rialáil rochtana cuí, tá a rath ag braith ar shraith de dhualgais atá ag feidhmiú go hiomlán. Beidh monatóireacht leantach de tháirgí mórdhíola riachtanach le freagairt d'fhorbairtí margaidh agus táirgí, chomh maith le comhlíonadh a chinntiú. Is í an straitéis atá againn ná forbairt de shraith iontaofa agus chuí de tháirgí mórdhíola agus tairiscintí praghais a éascú, rud a chinnteoidh machaire réidh do gach duine, a fhágann sa deireadh go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as margadh atá ag feidhmiú go breá.

Sa mhéid is a tharlaíonn infheistíochtaí iomaíocha líonra, d'fhéadfadh deiseanna a theacht chun cinn i dtaca le monatóireacht de réir a chéile a dhéanamh agus/nó a bhaint ar rialáil I margaidh ar leith, más rud é go dtagann forbairt d'iomaíochas éifeachtach féinchothaitheach chun cinn.

D'fhoilsigh an Comisiún Eorpach a "NGA Recommendation[32]" i Meán Fómhair 2010. Tá sé mar aidhm leis seo infheistíocht agus nuálaíocht éifeachtach a chur chun cinn in infreastruchtúr nua agus feabhsaithe, ag cur san áireamh na rioscaí tabhaithe ag gach imreoir infheistíochta chomh maith leis an riachtanas iomaíochas éifeachtach a choinneáil, rud atá ina thiománaí tábhachtach d'infheistíocht thar am. Leagann an NGA Recommendation béim freisin ar an tábhacht atá ag baint le soiléireacht rialála. Is iad na margaí ábhartha i gcomhthéacs de NGA an margadh líonra rochtana infreastruchtúir líonra fisiceach mórdhíola ("WPNIA") agus an margadh rochtana leathanbhanda mórdhíola ("WBA").

Ar 4 Aibreán 2012, d'fhoilsigh ComReg doiciméad comhairliúcháin ar NGA[33]. Leagtar amach sa chomhairliúchán creat beartaithe a sholáthródh cinnteacht rialála d'imreoirí an mhargaidh, agus ag an am céanna infheistíocht á spreagadh i líonraí NGA go ceann roinnt blianta. Tá cuspóir breise i gceist le cinntiú go bhfuil na spreagthaí cearta ar fáil chun éabhlóid d'éileamh agus ascnamh a fhaghairt ó rochtain oidhreachta mórdhíola go dtí rochtain an chéad ghlúin eile, de réir mar is cuí. Ní mór an próiseas seo d'ascnamh ó rochtain oidhreachta go dtí rochtain an chéad ghlúin eile a bhainistiú go cúramach, de thairbhe an riosca atá ann nach mbeadh luach saothair imleor ag infheistíochtaí reatha thar saolré na sócmhainne.

[31] D'fhógair Eircom a chuid pleananna ar NGA chuig tionscadal i Meán Fómhair 2011, lena líonra rochtana copair reatha a uasghrádú le clár NGA a sháróidh 900,000 teach agus 100,000 gnóthas i gcur i bhfeidhm ilbhlianta.
[32] Moladh an Choimisiúin an 20 Meán Fómhair 2010 ar rochtain rialaithe ar Líonraí Rochtana an Chéad Ghlúin Eile (NGA) (Téacs le hábharthacht LEE (EEA) (2010/572/EU).
[33] ComReg 12/27 – Rochtain an Chéad Ghlúin Eile (NGA): Réitigh Bheartaithe i Margaí NGA

# 5.
# Iomaíocht a chur chun cinn
(ar lean)

Is dócha go dtarlóidh cur i bhfeidhm an NGA go príomha i limistéir an-phobalaithe, ag an tús ar a laghad, agus éileamh do leathanbhanda níos tapa lasmuigh de na príomhcheantair á fhreastal ag seirbhísí leathanbhanda copair oidhreachta (LLU san áireamh), agus ag líonraí raidió a bhfuil toilleadh níos airde acu sa todhchaí.

Fiú sna limistéir sin ina mbeidh NGA á chur i bhfeidhm, táthar ag súil go leanfar ar aghaidh le LLU mar chainéal tábhachtach i dtaca le rochtain mhórdhíola, sna céimeanna trasdula go dtí NGA ar a laghad. Lasmuigh de na limistéir NGA areas34, d'fhéadfadh LLU a bheith fós mar fhoirm thábhachtach rochtana i bhfad tar éis an trasdula go dtí NGA, agus an aidhm leis sin ná fíoriomaíocht a spreagadh ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnóthais.

I láthair na huaire, tá ComReg ag moladh go ndéantar seirbhísí bunaithe ar ruainne agus copar a phraghsáil go comhsheasmhach mar atá leagtha amach sa Doiciméad ComReg Document (12/27). Ach, tuigimid go bhféadfadh é a bheith neamhéifeachtach sa mheántéarma go dtí an fadtéarma líonraí rochtana na glúine reatha (copar) agus an chéad ghlúin eile (ruainne) a choinneáil i gcomhréim. Is rud eile le meas é an Digital Agenda for Europe, a leagann amach spriocanna áirithe maidir le himscaradh agus glacadh de sheirbhísí leathanbhanda faoi 2020. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh é a bheith cuí am éigin sa todhchaí úsáideoirí a spreagadh ar bhealach níos gníomhaí aistriú go dtí seirbhísí bunaithe ar an gcéad ghlúin eile. Bealach amháin chun é sin a bhaint amach ná spreagthaí praghsála. Go ceann roinnt blianta leanfaimid ar aghaidh le dul chun cinn sa trasdul go dtí NGA a mhonatóiriú agus chuirfimis ár ladar ann más gá.

Gnomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.1

## BEARTA

- 5.1.1 Leanúint ar aghaidh le creat éifeachtach rialála do NGA a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- 5.1.2 Socruithe comhoibrithe/comhpháirteacha a athbhreithniú nuair a thagann siad chun solais
- 5.1.3 Spreagthaí infheistíochta cothroma agus éifeachtacha a sholáthar d'imreoirí an mhargaidh trí ghlacadh le agus/nó cothabháil de réitigh chuí rialála, de réir mar is cuí
- 5.1.4 Forbairt de sheirbhísí mórdhíola a éascú a bhfuil tréithe, cumais agus feidhmeanna acu a sholáthraíonn ardán do sheachadadh de sheirbhísí miondíola ardchaighdeáin agus nuálaíochta
- 5.1.5 Leanúint ar aghaidh le tacú do dhíchuachadh, LLU san áireamh nuair is cuí
- 5.1.6 Tacú le agus cur le BEREC agus sruthanna oibre an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ceisteanna iomaíochta

### 5.2 TOSAÍOCHT: A CHINNTIÚ GO MBÍONN RIALÁIL EACNAMAÍOCH FÓCASAITHE AGUS FREAGRACH DO RIACHTANAS DE THIMPEALLACHT ATÁ AG ATHRÚ

Faoin Moladh athbhreithnithe 2007 ar Mhargaidh Ábhartha, ní mór do ComReg, mar atá d'údaráis náisiúnta rialála eile ("NRAs") ar fud na hEorpa, athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith shainithe mhargaí ar a laghad. Ní mór dó a chinneadh, bunaithe ar fhíricí agus ar fhianaise, cibé acu an bhfuil siad nó nach bhfuil siad, nó an dócha nó nach dócha go mbeidh siad éifeachtach go hiomaíoch. Más rud é nach mbeidh, ní mór réitigh a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, tá riachtanas ar ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil iomaíochta sna margaí sin agus deimhniú, sa chás de threise, an bhfuil rochtain sainordaithe fírinnithe, agus má tá, ag cén praghas. Ina theannta sin, tríd an bpróiseas d'athbhreithnithe margaidh, ní mór dó athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na breithiúnais sin (gach trí bliana de ghnáth mar atá leagtha síos i gCreat an AE). Má chinneann sé nach bhfuil rialáil fírinnithe a thuilleadh, ní mór dó an rialáil mhiondíola nó mhórdhíola a mhionathrú nó a bhaint de réir na gcúinsí iomaíochta a shainaithin sé sna margaí sin.


[34] Is limistéir NGA é limistéar ina mbeidh snáithín in úsáid, is dócha, sa líonra rochtana.
[35] Téann an Plean Bliantúil Gníomhaíochta reatha as feidhm ar 30 Meitheamh 2012. Déanfar Plean Gníomhaíochta nuashonraithe a fhoilsiú gan mhoill, a bheidh i bhfeidhm ar 01 Iúil 2012.
[36] Moladh an Choimisiúin an 20 Meán Fómhair 2010 ar rochtain rialaithe ar Líonraí Rochtana an Chéad Ghlúin Eile (NGA) (2010/572/EU).

Leanfaidh ComReg ar aghaidh le margaí ábhartha miondíola agus mórdhíola a athbhreithniú agus a mhonatóiriú, agus an aidhm leis sin a chinntiú go mbíonn na Cinntí Athbhreithnithe Margaidh a rinne sé roimhe ábhartha fós agus go léiríonn réitigh aon athruithe sna margaí ón athbhreithniú roimhe sin. I measc na n-athbhreithnithe seo ná meastúchán ar aon chomharthaí d'athruithe ar iomaíocht atá ag teacht chun cinn thar réigiúin áirithe in Éirinn agus/nó thar thairiscintí áirithe táirgí nó seirbhísí. Leagfar amach inár bPlean Bliantúil Gníomhaíochta liosta de mhargaí ábhartha le hathbhreithniú[35] le linn na Ráiteas Straitéise seo (agus sa todhchaí).

Sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma, is dócha go mbeidh cur i bhfeidhm d'infheistíocht an chéad ghluin eile sa líonra rochtana dírithe ar limistéir atá níos pobalaithe. Sa mhéid is go dtagann infreastruchtúir iomaíocha chun cinn i limistéir geografacha áirithe, déanfaidh ComReg measúnú ar cibe acu an mbeidh athruithe sa todhchaí sna dinimicí d'iomaíocht i limistéir geografacha áirithe mar gheall ar an athrú struchtúrtha seo. Comhairlítear sa Mholadh NGA[36] gur chóir do NRAnna na coinníollacha d'iomaíocht atá ag teacht chun cinn mar gheall ar úsáid de NGA a iniúchadh. Déanfaidh ComReg monatóireacht dlúth ar na dinimicí d'infheistíocht líonra, go háirithe i dtaca lena dtionchar ar na dinimicí iomaíocha laistigh de na margaí miondíola agus mórdhíola. Beidh aird ComReg ar chumas na dtomhaltóirí tairbhe a bhaint as aon dinimicí iomaíocha feabhsaithe, mar a dtagann siad chun cinn. Beidh ComReg ag iarraidh cur chuige a ghlacadh i dtaca le beartas iomaíochta atá cothromaithe idir gníomh tráthúil agus an riachtanas rialáil a chur i bhfeidhm, nuair atá sé éifeachtach agus comhréireach amháin.

Beidh sonraí láidre margaidh tábhachtach maidir le measúnacht leantach ComReg ar mhargaí miondíola agus margaí bunúsacha mórdhíola, go háirithe i dtaca le cibé acu an mbeidh mion-idirdhealuithe i raon na rialála sa todhchaí cuí a aithint. Dá bhrí sin, is soiléir go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn sonraí a bhailítear ó Thionscadal mar thacaíocht do thuarascálacha ráithiúla ComReg, agus/nó sa chomhthéacs d'iarratais ar leith i dtaca le hanailísithe margaidh ábhartha, iontaofa agus láidir. Ba chóir go mbeadh na sonraí seo ina chuidiú le ComReg chun anailís a dhéanamh ar aon phríomhbhaic iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Figiúr 8: Dréimire na hInfheistíochta**
Dréimire na hInfheistíochta NGA




Foinse: "Tuarascáil ar Rochtain an Chéad Ghlúin Eile – Anailís Eacnamaíoch agus Prionsabail Rialála", ERG, Meitheamh 2009

Gnomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.2

## BEARTA

5.2.1 Athbhreithniú leantach a dhéanamh ar phríomhshonraí tuarascálacha ráithiúla agus ar phróisis ábhartha bhailithe shonraí le cinntiú go bhfuil na sonraí a fhaightear ábhartha, iontaofa agus dírithe ar phríomhbhaic iomaíochta a thuiscint

5.2.2 Leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí an mhargaidh agus cinntiú go léiríonn athbhreithniú ar na margaí cuí réaltachtaí iomaíocha na margaí sin trí réitigh chuí a chur i bhfeidhm ar bhealach tráthúil, ionas go mbíonn tomhaltóirí fós in ann tairbhe a bhaint as margaí atá ag feidhmiú go breá

# 5.

# Iomaíocht a Chur Chun Cinn
(ar lean)

## 5.3 TOSAÍOCHT: NUÁLAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN EARNÁIL NA GCUMARSÁIDÍ LEICTREONACHA TRÍ INFREASTRUCHTÚR AGUS IOMAÍOCHT BUNAITHE AR SHEIRBHÍSÍ

Tá ComReg tiomanta d'iomaíocht neamhspleách infreastruchtúir ardánbhunaithe a chur chun cinn, go hairithe é sin a thacaíonn infheistíocht in NGA.

Tá ról fíorthábhachtach ag dréimire na hinfheistíochta maidir le hiomaíocht a chur chun cinn agus infheistíocht a spreagadh laistigh de mhargaí, mar a bhí formhuinithe ag Moladh NGA an Choimisiúin Eorpaigh.

Nuair a théann oibreoir malairte suas dréimire na hinfheistíochta, bogann sé chuig staid le tuilleadh a infheistiú ina infreastruchtúr féin, as a dtagann iomaíocht níos doimhne, níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe.

Nuair a bhíonn rochtain sainordaithe, beidh ComReg i bhfabhar foirmeacha rochtana a chuireann infheistíocht éifeachtach ag Oibreoirí Údaraithe Eile (OAOnna) chun cinn, m.sh. LLU agus díchuachadh lúibe snáithín, nuair is cuí. Mar gheall ar infheistíocht ó ardáin eile, lena n-áirítear copar, móibíl, cabla, srl. bhí níos iomaíochta sa mhargadh leathanbhanda le blianta beaga anuas. De thairbhe Cinntí Rialála a rinne ComReg go dtí seo, eascaíodh cuid mhór de na hinfheistíochtaí seo; mar shampla, bhí cinneadh praghsála LLU[37] i 2010 ina chuidiú le méadú suntasach a spreagadh in infheistíocht an líonra malairte le dhá bhliain anuas.

Sa mhéid is a chuirtear infreastruchtúir líonra in iomaíoch i bhfeidhm, d'fheadfadh laghdú a tharla i rialáil nó i ndírialáil fhéideartha i limistéir uirbeacha ar leith dá bharr. Tá sé seo ag brath ar fhianaise go bhfuil iomaíocht láidir go leor le cosaint a sholáthar do thomhaltóirí sna limistéir sin, bunaithe ar fhianaise struchtúrtha agus iompraíochta. Déanfaidh ComReg athbhreithniú leantach ar an rogha seo.

Ní mór do rialáil de sheirbhísí NGA ag an leibhéal mórdhíola leibhéal imleor de rochtain mhórdhíola ar líonraí an chéad ghlúin eile a chinntiú chun iomaíocht inbhuanaithe a chinntiú, as a dtiocfadh fáil ar sheirbhísí ardchaighdeáin ag praghsanna iomaíocha.

Sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma, is na táirgí agus seirbhísí WBA a sholáthródh an príomhbhealach iontrála i gcomhthéacs NGA, is dócha. Tá moladh ag ComReg táirge fíorúil rochtana díchuachta a shainordú – VUA – chun an fhoirm seo de rochtain ar an margadh a éascú ag an tsraith is doimhne den líonra atá inmharthana go heacnamaíoch. Sa mhargadh Rochtana Infreastruchtúir Líonra Fisiceach Mórdhíola (WPNIA), níor baineadh úsáid leathan as rochtain SLU nó innealtóireachta sibhialta – beirt a bhí sainordaithe le tamall – agus go dtí seo níor mheas aon oibreoir go raibh siad inmharthana go heacnamaíoch ar mhórscála.

Ach, leanfaidh ComReg ar aghaidh le cinntiú go bhfuil na spreagthaí riachtanacha i bhfeidhm le haghaidh níos mó dianiontrála infreastruchtúir thar am trí sheirbhísí WPNIA, amhail LLU agus rochtain ar infreastruchtúr innealtóireachta sibhialta, nuair is cuí, chun infheistíocht éifeachtach agus iomaíocht infreastruchtúir a spreagadh.

Ina theannta sin thuas, ligeann Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh ("FWALA") d'oibreoirí seirbhísí leathanbhanda a sholáthar trí úsáid a bhaint as speictream sa bhanda 3.5 GHz. Tá iarratais ar úsáid na mbandaí 3.5 GHz ceadúnaithe ar bhonn neodrach maidir le teicneolaíocht, i. ní bhíonn aon srianta ar an gcineál theicneolaíochta is féidir a úsáid sna bandaí, seachas comhlíonadh le paraiméadair ar leith dírithe ar dhrannadh a theorannú. Bhí an-rath ag baint leis an scéim FWALA maidir le seirbhísí leathanbhanda a sholáthar d'úsáideoirí ag na leibhéil chorparáideacha, Fhiontar Beag agus Meánmhéide (SMEanna) agus chónaithe. Leanfar ar aghaidh le FWALA mar fhoirm thábhachtach de rochtain maidir le hinfheistíocht éifeachtach ag oibreoirí a chur chun cinn go ceann roinnt blianta. Déanfaidh ComReg athbhreithniú ar an scéim FWALA le linn an Ráitis Straitéise seo.

Ina theannta sin thuas, is réaltacht atá ag fás í fás de líonra uileláithreach móibíleach d'oibreoirí líonraí atá á dtiomáint ag éileamh tomhaltóirí ar rochtain ó aon ghléas in aon áit. Ina dhiaidh sin, tá an treocht seo á tiomáint ag ollmhéid de ghutháin chliste, taibléid, agus gléasanna tomhaltóra raidió (ceamaraí, bracóga cluichí, srl.), gach ceann acu a chuireann leis an éileamh atá ag méadú ar chroí-líonraí agus líonraí rochtana na n-oibreoirí.

Is dúshlán é an t-éileamh seo atá ag méadú d'oibreoirí a chaithfidh toilleadh iomlán líonra a mhéadú agus soláthar do mheaduithe suntasacha i dtoilleadh aisiompair, le seirbhís leantach ardchaighdeáin a chinntiú dá gcuid custaiméirí.

[37] Doicimead ComReg Uimh. 10/10 (Cinneadh ComReg D01/10); Ag leagan síos táillí míosúla císa díchuachta uasta lúibe logánta ("LLU") agus fo-dhíchuachta lúibe ("SLU"); 9 Feabhra 2010

Mar aon leis an eileamh meadaithe ar thoilleadh sonraí, is léir go bhfuil treocht ann i dtreo comhchruinnithe móibíle seasta agus ionadaíochta, agus fás de réir a chéile i nóiméid mhóibíle ghutha. Mar gheall ar an méadú seo san éileamh ar sheirbhísí ag gach leibhéal, d'fhéadfadh oibreoirí speictream breise a iarraidh i ngach príomhbhanda minicíochta, chun clúdach an limistéir leathain agus aisiompar a thacú. Glacfaidh ComReg na céimeanna cuí le dul i ngleic lena leithéid sin d'éileamh.

Sa chomhthéacs den rochtain seo a éascú trí cheadanna speictrim a thabhairt do líonraí agus seirbhísí leictreonacha cumarsáide (ECN/ECS) (de ghnáth san fhoirm de cheadúnas a thugtar faoin Acht Radió-Theileagrafaíochta), tá dualgas ar ComReg, i measc nithe eile:

- Critéir roghnúcháin a úsáid atá cuspóireach, trédhearcach, neamh-discriminatory agus comhréireach agus a aithníonn feidhm na gcuspóirí atá leagtha amach in alt 12 den Acht 2002; agus
- Nósanna imeachta oscailte, trédhearcacha agus neamh-idir-dhealaitheach a bhunú maidir le ceadú de cheadúnais, agus ag cinntiú go gcuirtear na nósanna imeachta sin ar fáil go poiblí.

Ní mholann na dualgais seo, leo féin, roghnachas do mheicníocht sannta ar leith (m.sh. sannadh riaracháin, nós imeachta roghnúcháin comparáideach, ceant nó foirm eile) ach ina ionad sin ciallaíonn sé seo gur gá do ComReg an mheicníocht sannta a roghnú a bheadh, ina bharúil féin, in ann a cuspóirí reachtúla a bhaint amach, agus aird ar leith ar chúinsí áirithe de gach dámhachtain.

Ba chóir go mbeadh úsáid níos éifeachtúla de speictream mar gheall ar cur chuige "bunaithe ar an margadh" i dtaca le bainistíocht speictrim, nuair is cuí, go háirithe i gcomhar le tabhairt isteach de thionscnaimh ag leibhéal beartais, amhail comhroinnt speictrim agus comhroinnt infreastruchtúir/líonra cás i ndiaidh cáis. Tá staid ComReg ar chomhroinnt speictrim leagtha amach in Alt 4.4 den Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim (ComReg 11/89). Beidh comhairliúchán ag ComReg gan mhoill ar threoirlínte ar thrádáil speictrim, agus a aire tugtha le déanaí ina Fhreagra ar Chomhairliúcháin ar Chur i bhFeidhm Speictrim Ilbhanda (ComReg 12/25) go gceadófar trádáil sna bandaí 800MHz, 900 MHz agus 1800 MHz.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.3

**BEARTA**

5.3.1 Cinntiú go leagann praghsanna mórdhíola na spreagthaí cearta chun infheistíocht agus nualaíocht éifeachtúil a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí rochtana nuair is inmharthana, lena n-áirítear praghsanna rochtana leathanbhanda mórdhíola, praghsanna NGA, praghsanna LLU agus praghsanna comhroinnte líne

5.3.2 Speictream cuí do sheirbhísí leathanbhanda a sholáthar mar atá mionsonraithe sa Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim (doiciméad 11/89)

5.3.3 Meicníochtaí iomaíochta cuí a chur i bhfeidhm nuair a chuirtear speictream ar fáil

## 5.4 TOSAÍOCHT: CUR LE FORBAIRT DE MHARGADH AONAIR IOMAÍOCH EORPACH I DTACA LE SEIRBHÍSÍ LEICTREONACHA CUMARSÁIDE

Tá forbairt den mhargadh imheánach tábhachtach d'Éirinn agus maidir le minicíochtaí raidió mar shampla amháin, tá na bandaí speictrim ar a bhfuil an t-éileamh is mó (go háirithe na bandaí MHz 800, 900, 1800, 2600, agus 3600) faoi réir cinntí comhréitigh an Choimisiúin Eorpaigh.

Ó am go ham, eisíonn an Coimisiúin Eorpach Moltaí, agus ní mór do NRAnna an "aird is mó a dhíriú orthu siúd". Tugann na Moltaí treoir do NRAnna agus an aidhm leis sin aon eisréimneacht mhíchuí de chur chuige rialála a sheachaint, gan bhac a chur ar NRAnna cúinsí náisiúnta a chur san áireamh nuair a bhíonn réitigh náisiúnta rialála á ndearadh acu. Má tharlaíonn eisréimneachtaí mar gheall ar ár gcúinsí náisiúnta féin, déanfaidh ComReg iad siúd a fhírinniú le réasúnú cuí. Tabharfaidh ComReg freisin, nuair is cuí, aird chóir do nótaí tráchta a thugann an Coimisiún Eorpach do NRAnna eile mar chuid den mheicníocht chomhairliúcháin do chumarsáidí leictreonacha, de thairbhe gur féidir lena gcuid éispéireas cuidiú lenár n-anailísithe a chur ar an eolas.

# 5.

# Iomaíocht a Chur Chun Cinn
(ar lean)

Ina theannta sin, éilíonn na Rialúcháin Creata 2011[38] ar ComReg cur le forbairt den mhargadh inmheánach trí obair le húdaráis náisiúnta rialála i mBallstáit eile, le BEREC agus leis an gCoimisiún Eorpach. Áirítear leis seo cur go gníomhach le foirmliú de thuairimí BEREC agus staideanna agus tuairimí coitianta ar shaincheisteanna rialála ar leag an CE béim orthu mar chuid de mheicníocht chomhairliúcháin an Chomhphobail do chumarsáidí leictreonacha.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.4

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 5.4.1 | Comhsheasmhacht rialála a chur chun cinn thar thréimhsí athbhreithnithe |
| 5.4.2 | Treoracha, cinntí, moltaí agus nótaí tráchta Eorpacha a chur san áireamh chomh maith le spriocanna sainithe AE, amhail Clár Oibre Digiteach Eorpach 2020 |
| 5.4.3 | Obair ábhartha NRAnna eile a athbhreithniú agus a chur san aireamh de réir mar is cuí |

## 5.5 TOSAÍOCHT: CINNTIÚ GO GCOMHLÍONANN SOLÁTHRÓIRÍ ECNS/ECSS LENA NDUALGAIS RIALÁLA TRÍ GHNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMITHE

Soláthraíonn ComReg achoimre de shaincheisteanna comhlíonta agus an stádas atá ag baint leo ag tréimhsí áirithe ar laithreán greásáin ComReg, trí fhoilsiú dá thuarascálacha débhliantúla comhlíonta. Déanaimid monatóireacht freisin ar chomhlíonadh oibreoirí lena ndualgais rialála, cibé acu mar fhreagra ar ghearáin, nó tar éis scrúduithe a rinneamar ar ár dtionscnamh féin. Ina dhiaidh sin, déanaimid gníomh cuí forfheidhmithe nuair is gá chun neamh-chomhlíonadh a cheartú. Leanfar ar aghaidh leis na céimeanna seo sa todhchaí, céimeanna nach nglacaimid go héadrom.

Tá Aonad Comhlíonta Speictrim ComReg freagrach as a chinntiú go gcloíonn úsáideoirí an speictrim raidió le comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta, caighdeáin infheidhmithe an AE agus coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm trí cheadúnais a eisítear d'úsáideoirí. Chun é sin a bhaint amach, déanann an tAonad Comhlíonta Speictrim monatóireacht ghníomach ar an speictream raidió. Tá a lán coinníollacha teicniúla bainteach leis na ranganna éagsúla ceadúnas agus díolúintí. Ina measc seo bheadh réimsí amhail tréithe teicniúla de chomharthaí tarchurtha, cloí le teorainneacha an Choimisiúin Idirnáisiúnta ar Radaíocht Neamhianaíoch (ICNIRP), riachtanais clúdaigh, Cumhacht Radaithe Iseatrópach Coibhéise (EIRP) agus leibhéil chumhachta tarchurtha.

Sa chás go n-aimsítear sáruithe de choinníollacha úsáide, tá roinnt roghanna ceartúcháin ar fáil do ComReg. Is é géarú an straitéis ghinearálta chun déileáil lena leithéid de chásanna. Eisítear rabhadh agus treoracha, agus mura gcloíonn an páirtí freagrach leis na treoracha sin, glactar leis go sáraíonn siad na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta, 1926-2012 agus cuirtear tús le gníomh dlí, lena n-áirítear gabháil den trealamh i gceist agus ionchúiseamh achomair. Más gá i gcásanna áirithe, agus i gcásanna de sháruithe dáiríre agus/nó athsháruithe, seans go rachaidh ComReg go díreach chuig gníomh dlí.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.5

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 5.5.1 | Tuarascáil débhliantúil chomhlíonta a fhoilsiú |
| 5.5.2 | Imscrúdú a dhéanamh, cibé acu mar fhreagra ar ghearáin, nó ar ár dtionscnamh féin, ar chomhlíonadh oibreoirí lena ndualgais rialála, agus gníomh cuí agus tráthúil forfheidhmithe |
| 5.5.3 | Comhlíonadh a chinntiú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar úsáid mhinicíochta agus ar chaighdeáin teicniúla |
| 5.5.4 | Gníomh cuí forfheidhmithe a dhéanamh de réir mar is gá chun sláine an speictrim raidió a choinneáil, úsáid neamhúdaraithe de speictream a chosc agus comhlíonadh le coinníollacha ceadúnais a chinntiú |

## 5.6 TOSAÍOCHT: BAINISTÍOCHT AGUS ÚSÁID ÉIFEACHTÚIL DEN SPEICTREAM RAIDIÓ SA STÁT A CHINNTIÚ

Is é ComReg an comhlacht stáit atá freagrach as bainistíocht na hacmhainne speictrim raidió faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002[39]. Áirítear leis seo fearas a cheadúnú le haghaidh teileagrafaíochta raidió (agus rialacháin a dhéanamh maidir le ceadúnais) nó fearas a dhíolúnú ó

[38] S.I. Uimh. 333 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat) 2011.
[39] Leagtar amach san Acht um Rialáil Cumarsáide 2002-2010 (leasú) (an "tAcht 2002"), sna Rialacháin Údaraithe agus Creata (I.R. Uimh. 333 de 2011 agus I.R. Uimh. 335 de 2011 faoi seach), agus sna hAchtanna Radió-Theileaghrafaíochta, 1926 (leasú) (an "tAcht 1926") I measc nithe eile, feidhmeanna agus cuspóirí ComReg i dtaca le speictream raidió.
[40] Cinneadh an Choimisiúin an 13 Meitheamh 2008 ar chomhchuibhiú den bhanda minicíochta 2500 - 2690 MHz do chórais thrastíre atá in ann seirbhísí cumarsaidí leictreonacha a sholáthar sa Chomhphobal Uimh. 2008/477/EC

cheadúnú faoin Acht 1926. Ní mór do ComReg é seo a dhéanamh go héifeachtúil, agus ar bhealach a chinntíonn dáileadh agus sannadh de mhinicíochtaí raidió bunaithe ar chritéir atá cuspóireach, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, de réir aon treoracha ábhartha beartais aireacha cuí faoi alt 13 den Acht 2002.

Is acmhainn luachmhar náisiúnta é speictream raidió, a chuireann taca faoi ghníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta agus cumarsáide. Sa raon seo tá úsáid d'fhóin phóca agus leathanbhanda móibíle ag gnó agus ag tomhaltóirí, trí chraoladh (seirbhísí fuaime agus closamhairc), úsáidí cumarsáidí éigeandála agus cosanta, bóithre, iompar aerloingseoireachta agus muirí, agus eolaíocha agus mheitéareolaíocha, mar atá réamhaisnéis aimsire agus timpeallacht na cruinne a mhonatóiriú.

Tá gach ceann acu siúd ag brath ar rochtain chuí agus iontaofa ar an speictream raidió agus, dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéantar an acmhainn seo a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Mar a bhí leagtha amach i Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim ComReg (ComReg 11/89) agus le linn na tréimhse cumhdaithe ag an Ráiteas Straitéise seo, táimid ag súil le forbairtí suntasacha a mbeidh tionchar acu ar úsáid an speictrim raidió. Ina measc siúd an t-aistriú ó theilifís thrastíre analóg go digiteach agus, dá bhrí sin, beidh ar ComReg comhordú de chainéil faoi 790 MHz a chomlánú. Bainfear úsáid astu ina dhiaidh sin do tharchuir teilifíse trastíre i dtimpeallacht uile-dhigiteach, ó dháta an aistrithe digitigh ar 24 Deireadh Fómhair 2012. Mar gheall ar ghlanadh de tharchuir teilifíse ón mbanda 800 MHz, scaoilfear an speictream sa bhanda sin mar dhíbhinn digiteach do sheirbhísí an chéad ghlúin eile, mar chuid de cheant beartaithe ilbhanda, próiseas as a dtiocfaidh lán-léirscaoileadh de na bandaí 900 MHz GSM agus 1800 MHz GSM.

Déanfar athbhreithniú ar úsáid an bhanda 2.6 GHz sa todhchaí. Cuirfidh an t-athbhreithniú seo Cinneadh CE[40] CE40 ar chomhchuibhiú an bhanda san áireamh, mar aon le cearta an cheadúnaí reatha atá ag úsáid an bhanda chun seirbhís Chóras Dáilte Micreathoinne Ilphointe (MMDS) a sholáthar do ghlacadóireacht TF. Beidh an t-athbhreithniú ag amharc freisin ar úsáidí féideartha eile den bhanda, mar aon le tuairimí úsáideoirí féideartha eile. Déanfar athbhreithniú ar scéim rathúil cheadúnú Limistéar Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh (FWALA) sna bandaí minicíochta 3.6 GHz, 10.5 GHz agus 26 GHz, chomh maith le comhairliúchán a dhéanamh ar scaoileadh sa todhchaí den bhanda 2.3 GHz. Mar gheall ar na forbairtí seo, beidh trasfhoirmiú ann i nádúr na seirbhísí tomhaltóra, mar atá clárú craolta teilifíse agus leathanbhanda móibíle sna blianta atá amach romhainn.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.6

(Nóta: Glacadh na gníomhaíochtaí seo a leanas cheana féin i nDoiciméad 11/89 agus athdhéantar anseo iad le haghaidh tagartha amháin)

## BEARTA

| | |
|---|---|
| 5.6.1 | An próiseas faoin scaoileadh beartaithe a thabhairt chun críche, ar bhonn lán-léirscaoilte, de na bandaí díbhinne digiteacha 800 MHz, 900 MHz agus 1800 MHz |
| 5.6.2 | Cur i bhfeidhm de Theilifís Thrastíre Digití a éascú (DTT) i mbandaí Ultra-Ardmhinicíochta (UHF) IV agus V faoi 790 MHz agus dul as feidhm de tharchur analóige teilifíse i 2012 |
| 5.6.3 | Scaoileadh de bhandaí minicíochta nua a mheas do nascanna seasta le héileamh an mhargaidh a chomhlíonadh |
| 5.6.4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar scéim cheadúnú Limistéar Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh (FWALA) sna bandaí minicíochta 3.6GHz, 10.5 GHz agus 26 GHz |
| 5.6.5 | Úsáid den bhanda 2.6 GHz sa todhchaí a mheas, ag cur san áireamh cearta na gceadúnaithe reatha, mar aon le hionchuir a glacadh go dtí seo a mheas |
| 5.6.6 | Comhairliúchán a dhéanamh ar roghanna breise scaoilte teicniúla agus speictrim a bhaineann le banda 2.3 GHz |

# 5.

# Iomaíocht a Chur Chun Cinn
(ar lean)

## 5.7 TOSAÍOCHT: BAINISTÍOCHT AGUS ÚSÁID ÉIFEACHTÚIL D'UIMHREACHA ÓN SCÉIM NÁISIÚNTA UIMHRITHE A CHINNTIÚ

Tá ComReg freagrach as bainistíocht éifeachtúil de phlean uimhrithe teileafóin na hÉireann. Is príomhéascaitheoirí de sheirbhísí cumarsáide iad uimhreacha, agus is gá a gcaomhnú mar acmhainn náisiúnta críochta a chothromú in éadan an riachtanais atá ag custaiméirí nua agus reatha agus ag soláthróirí seirbhíse rochtain a bheith acu ar sholáthar imleor d'uimhreacha.

***Bainistíocht an Phlean Uimhrithe***

Beidh na nithe seo a leanas mar chuid de straitéis leantach ComReg maidir le bainistíocht den phlean uimhrithe:

- Uimhreacha teileafóin agus cóid ghairide a leithdháileadh do ghnóthais le haghaidh seirbhísí nua agus reatha agus a chinntiú go bhfuil na huimhreacha seo soláthraithe go tapa ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- Úsáid uimhreacha a mhonatóiriú agus céimeanna a ghlacadh chun ídiú de réimsí uimhreacha a chosc.

- Cinntiú go n-úsáidtear uimhreacha de réir na rialachán Údaraithe a ligeann dúinn coinníollacha ar chearta úsáide a chur leis. I measc na gcoinníollacha ná iad siúd atá sonraithe sna Coinbhinsiúin Náisiúnta Uimhrithe (faoi láthair Doiciméad ComReg Uimh. 11/17).

- Beartais uimhrithe a fhorbairt a chothaíonn iomaíocht agus a thacaíonn nuálaíocht, agus a chinntíonn go mbíonn tomhaltóirí ar an eolas agus faoi chosaint ó mhí-úsáid uimhreacha.

- Réimsí nua uimhreacha a sholáthar nuair atá sé fírinnithe ag riachtanas agus/nó de thairbhe go gcuirfeadh sé nuálaíochtaí suntasacha agus fiúntacha chun cinn ar an mbealach is éifeachtúla.

Mar an rialaitheoir náisiúnta, tá dualgas leantach ag ComReg le hoibrithe na réimsí uimhrithe comhchuibhithe uile-Eorpacha 112 (rochtain na seirbhísí éigeandála) agus 116 (seirbhísí a bhfuil luach sóisialta acu) a thacú agus a chur chun cinn (i gcomhar le húdaráis eile) ag an leibhéal náisiúnta. Tá na seirbhísí seo, atá saor in aisce, an-tábhachtach maidir le leas na dtomhaltóirí.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 5.7

### BEARTA

5.7.1 Beartas uimhrithe a leagan síos agus a athbhreithniú, de réir mar is gá, lena n-áirítear coinníollacha ar chearta chun acmhainní náisiúnta uimhrithe a úsáid, a éascaíonn iontráil ar an margadh, agus leibhéal cuí de thrédhearcacht agus cosaint bainteach tomhaltóra á solathar freisin. Mar chuid de seo beidh athbhreithniú ar Choinbhinsiúin Náisiúnta Uimhrithe le linn na tréimhse 2012-2014

5.7.2 Leithdháiltí ón bPlean Náisiúnta Uimhrithe a bhainistiú go cúramach agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid chun úsáid éifeachtúil d'uimhreacha a chinntiú, le hathruithe neamhriachtanacha uimhreacha a sheachaint

5.7.3 Tar éis taighde agus comhairliúcháin, cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil acmhainní tiomanta uimhrithe riachtanach d'fheidhmeanna Meaisín go Meaisín, no nach bhfuil. Má tá, cinneadh a dhéanamh ar na réimsí, fad na n-uimhreacha agus coinníollacha infheidhmithe úsáide atá ábhartha

# 6.

# Nuálaíocht agus Infheistíocht a Éascú

**Nuálaíocht agus Infheistíocht a Éascú**

## Sprioc Ardleibhéil #3

Cinnteacht rialála a sholáthar a éascaíonn nualaíocht agus a thacaíonn infheistíocht in infreastruchtúr agus seirbhísí cumarsáide

Faoi chreat rialála an AE, tá dualgas ag ComReg infheistíocht agus nualaíocht éifeachtúil a chur chun cinn in infreastruchtúir nua agus feabhsaithe. Ní mór dó a chinntiú go gcuireann dualgais rochtana an riosca ionchurtha ag gnóthais infheistíochta san áireamh. Ciallaíonn sé freisin bearta éagsúlaithe riosca comhoibríocha a thacú idir infheistóirí agus páirtithe atá ag iarraidh rochtain, a fhad is go gcaomhnaítear iomaíocht an mhargaidh agus nach dtagann aon idirdhealú chun cinn.

Bealach amháin is féidir le ComReg é seo a bhaint amach ná úsáid éifeachtúil den speictream raidió a éascú. Mar gheall ar infheistíocht sa réimse seo, déantar teicneolaiochtaí, feidhmeanna agus seirbhísí nua agus nuálaíochta a fhorbairt. Tacaíonn bainistíocht chúramach ar an acmhainn seo agus forbairt leantach den scéim "Tástáil & Triail" an aidhm seo.

### 6.1 TOSAÍOCHT: ÉIRE A CHUR CHUN CINN MAR LÁRIONAD SÁRMHAITHEASA DO THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT I SPEICTREAM A ÉASCAÍONN FORBAIRT DE THEICNÍCÍ NUA RAIDIÓ-CHUMARSÁIDE, SEIRBHÍSÍ AGUS FEIDHMEANNA SPEICTREAM-BHUNAITHE

Tá an t-éileamh ar sheirbhísí cumarsáide ag fás gach bliain, agus tagann méadú i gcónaí freisin ar líon na rannpháirtithe cumarsáide, réimse na ngléasanna cumarsáide agus cineálacha na seirbhísí cumarsáide. Tá príomhról ag seirbhísí raidió-chumarsáide sa mhargadh seo agus ar fud na cruinne.

Amharcann ComReg ar an speictream raidió mar acmhainn is féidir a úsáid chun na spreagthaí ceartaí a chruthú le haghaidh infheistíochta, agus go háirithe creideann ComReg gurbh fhéidir luamhanacht a dhéanamh ar an speictream raidió in Éirinn chun nuálaíocht de theicnící nua raidió-chumarsáide, seirbhísí speictream-bhunaithe agus feidhmeanna a chur chun cinn..

I gcomparáid le cuid mhór tíortha eile, tá buntáiste nadúrtha speictrim ag Éirinn le tástálacha agus trialach a dhéanamh ar threalamh agus ar sheirbhísí, de thairbhe go bhfuil réimse leathan de speictream glan raidió ar fáil don chuspóir seo. Tagann an buntáiste nádúrtha seo as roinnt tosca, lena n-áirítear úsáid éadrom in Éirinn de speictream le haghaidh úsáidí cosanta, dlús daonra atá measartha íseal agus ár suíomh geografach mar oileán, a chosnaíonn muid ó thrasnaíocht speictrim raidió atá ginte i dtíortha eile.

Mar gheall ar an mbuntáiste seo, d'fhorbair ComReg clár ceadúnaithe raidió den scoth "Tástáil & Triail"[41] a ligeann do nuálaithe rochtain díreach ar an speictream raidió in Éirinn le hagahidh cuspóirí tástála agus trialach. Ó seoladh Tástáil & Triail in Éirinn, eisíodh breis agus 175 ceadúnas do réimse leathan eagraíochtaí agus le haghaidh réimse leathan cuspóirí. Ina measc siúd ná cuideachtaí fón póca, eagraíochtaí craolacháin, Ollscoileanna, Cuideachtaí Leighis agus Cuideachtaí Leathanbhanda[42].

Creideann ComReg go bhfuil sé tábhachtach tairbhí de Thástáil & Triail Éireann a chur chun cinn go gníomhach chun infheistíocht agus nuálaíocht i bhforbairt de theicnící nua raidió-chumarsáide, seirbhísí speictream-bhunaithe agus feidhmeanna in Éirinn a chur chun cinn, agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí seo a leanas chun úsáid a chláir a chur chun cinn agus chun feasacht a ardú.

Déanann ComReg, trína chlár for-rochtana, urraíocht ar dhámhachtain speisialta ag Taispeántas an Eolaí Óig & Teicneolaíochta BT, is ball comhlach é de WirelessLAB, an tsaoráid líonraíochta d'fhiontraithe bunaithe in Éirinn, cuideachtaí agus acadóirí ag obair sa spás raidió, agus déanann sé urraíocht ar phaca acmhainne ceachta do mheánscoileanna tríd an gClár Eolaíocht agus Teicneolaíocht i nGníomh.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 6.1

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 6.1.1 | Tástáil & Triail Éireann a chur chun cinn d'úsáideoirí reatha agus fédieartha speictrim, do nuálaithe teicneolaíochta, d'fhiontraithe agus do thaighdeoirí |
| 6.1.2 | Tástáil & Triail Éireann a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le gníomhaireachtaí forbartha agus infheistíochta istigh ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta |
| 6.1.3 | Feasacht ar úsáidí nualaíocha speictrim a ardú trí cheardlanna, seimineáir agus imeachtaí eile |

[41] http://www.testandtrial.ie
[42] Tá liosta cuideachtaí agus eagraíochtaí a bhain úsáid as ceadúnais Tástáil & Triail ar fáil ar láithreán gréasáin de chuid ComReg http://www.testandtrial.ie/Previous_Users/87

# 6.

# Nuálaíocht & Infheistíocht a Éascú
(ar lean)

## 6.2 TOSAÍOCHT: CUR LE DÍBHINN DIGITEACH NA HÉIREANN TRÍD AN BHFÁIL IS LUAITHE DEN BHANDA LUACHMHAR SPEICTRIM RAIDIÓ TAR ÉIS TABHAIRT ISTEACH DIGITEACH A ÉASCÚ

Tá sé soiléir go bhfuil nasc díreach ann idir nuálaíocht fhéideartha sa todhchaí agus úsáid de speictream raidió i ngeilleagar digiteach na hEorpa atá ag fás. Mar gheall ar an aistriú ó theilifís thrastíre analóige go dtí DTT, beidh cláir atá á dtarchur faoi láthair ag baint úsáide as teicneolaíocht analóige sa bhanda UHF, tarchurtha sa todhachaí i bhformáid digiteach ag úsáid i bhfad níos lú de speictream minicíochta raidió. De thairbhe an aistrithe seo, atá beartaithe le bheith comhlánaithe ar 24 Deireadh Fómhair 2012, beidh scaoileadh de speictream san fhobhanda 790 MHz go dtí 862 MHz mar dhíbhinn digiteach d'úsáidí neamhchraolacháin. Meastar gur acmhainn an-luachmhar í an díbhinn digiteach seo chun leathanbhanda móibíle an chéad ghlúin eile a éascú, agus go deimhin aithnítear an tábhacht atá ag baint léi ní amháin do gheilleagar na hÉireann, ach mar chuidiú freisin le haisghabháil eacnamaíoch na hÉorpa.

Sheol RTÉ a sheirbhís DTT 'SAORVIEW' i mBelataine 2011. Tá cláir á gcomhchraoladh i bhformáidí analóige agus digiteach, ach soláthraíonn an t-ardán 'SAORVIEW' DTT níos mó seirbhísí trastíre teilifíse agus áirítear gnéithe nua leis, amhail teilifís ardghléine. Dúirt an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go rachaidh seirbhísí Analóige as feidhm ar 24 Deireadh Fómhair 2012, ar an lá a tharlóidh an t-aistriú go seirbhísí digiteacha i dTuaisceart Éireann (DSO).

Chomhlánaigh ComReg an plean speictrim comhordaithe le déanaí do DTT chun craolachán faoi 790 MHz a éascú mar aon le seirbhísí neamh-chraolacháin sa bhanda 800 MHz band, chun an díbhinn digiteach is fearr d'Éirinn a bhaint amach tar éis ASO. Tá ComReg ag cur chun tosaigh faoi láthair scaoileadh de bhanda díbhinne digití 800 MHz do sheirbhísí an chéad ghlúin eile mar chuid de cheant beartaithe ilbhanda, próiseas as a dtiocfaidh lán-léirscaoileadh de na bandaí 900 MHz agus 1800 MHz GSM.

Mar thoradh ar an gComhdháil Raidió Dhomhanda (WRC-12) le déanaí bhí se beartaithe stádas comhphríomha de Theileachumarsáidí Móibíle Idirnáisiúnta (IMT) a fhairsingiú le Seirbhís Craolacháin ó 790 MHz go dtí 694 MHz ar a laghad. Déanfaidh an WRC é seo a mheas i 2015, tar éis comhstaidéar a dhéanfaidh ITU-R. Mar thoradh ar an bhforbairt seo, beidh comhairliúchán ag ComReg go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun an fhéidearthacht i dtaca leis an mbanda a scaoileadh le haghaidh cuspóirí neamh-chraolacháin a mheas, chomh maith leis na hiarmhairtí, agus glacfaidh sé páirt i bhfóraim ionas go mbeidh tionchar ar bheartas na hÉireann maidir le dara díbhinn digiteach.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 6.2

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 6.2.1 | Scaoileadh de bhanda 800 MHz de réir riachtanas CE |
| 6.2.2 | Dul i gcomhairle le craoltóirí faoina riachtanais speictrim agus aistriú a éascú go Teilifís Thrastíre Dhigiteach (DTT) agus Dul As Feidhm Analóige (ASO) faoi 24 Deireadh Fómhair 2012 |
| 6.2.3 | Dul i gcomhairle le DCENR agus cur le grúpaí Idir-rialtasach ar DTT/ASO agus fóraim ábhartha eile chun ASO a éascú faoi 24 Deireadh Fómhair 2012 |
| 6.2.4 | Scrúdú a dhéanamh ar úsáid fadtéarmach sa todhchaí den speictream UHF tar éis Cinneadh WRC - 12 i gcomhoibriú le geallshealbhóirí ábhartha |

## 6.3 TOSAÍOCHT: NUÁLAÍOCHT AGUS AISTRIÚ EOLAIS A ÉASCÚ TRÍ DHEA-CHLEACHTAS RIALÁLA NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA A CHOMHROINNT

Tá sé mar aidhm ag ComReg tacú le nuálaíocht trí bhainistíocht chúramach na n-acmhainní náisiúnta amhail an speictream raidió agus uimhreacha teileafóin. Cuireann sé an nuálaíocht chun cinn trí bheartais rialála cuí a fhorbairt don tionscadal agus trí chinntiú go gcoinnítear leibhéal rathúil iomaíochta sa mhargadh. D'fhonn is go ndéanfar na gníomhaíochtaí sin go héifeachtach, tá sé tábhachtach go bhfuil ComReg ar an eolas agus é i mbun oibre agus ciallaíonn sin go mbainfidh sé tairbhe as comhroinnt agus as aistriú eolais  Baintear é sin amach den chuid is mó trí rannpháirteachas i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta ina bpléitear beartais rialála agus an tionchar s'acu ar an earnáil agus/nó cuir chuige dea-chleachtais maidir le hiomaíocht a chur chun cinn,

le tomhaltóirí a chosaint agus le forbairt leanúnach na hearnála.

Tionólann ComReg líon grúpaí oibre le plé a éascú idir oibreoirí maidir le táirgí agus seirbhísí atá á dtairiscint, ar an dóigh le feabhas a chur orthu, in éineacht le plé maidir le táirgí sa todhchaí agus a gcuid tréithe.

Baineann ComReg tairbhe as cumarsáid a dhéanamh leis na NRAnna eile. Cuireann sé sin ar chumas ComReg é féin agus an cur chuige aige maidir le cúrsaí rialúcháin a mheas in aghaidh eagraíochtaí comhchosúla agus cuidíonn le cuir chuige comhchuibhithe maidir le rialáil a fhorbairt, go háirithe fud fad na hEorpa, agus é ag laghdú costas infheistíochtaí foriomláin agus ag tacú le nuálaíocht sa tionscal dá réir.

Déantar taighde freisin ar fhorbairtí dóchúla sa todhchaí faoin gclár Forward Looking Programme, clár a bhfuil mar aidhm aige tacú le príomhshruthanna oibre laistigh den eagraíocht trí úsáid a bhaint as taighde le tuiscint a thógáil ar an dóigh ar dócha leis an tionscadal teacht chun cinn. Tá an obair sin tábhachtach mar ní foláir cinntiú go mbíonn ComReg ar an eolas maidir lena chinnteoireacht.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 6.3

**BEARTA**

6.3.1 Rannpháirteachas gníomhach i bhfóraim le cur ar an eolas agus le tionchar a chur maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm beartas rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta ar féidir leo tionchar a imirt ar an earnáil cumarsáide leictreonaí

6.3.2 Taighde a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn san earnáil, mar chuid de chlár Forward Looking Programme ag ComReg, agus léargais a fhorbairt maidir le féidearthachtaí ar theacht chun cinn san earnáil cumarsáide leictreonaí, le heolas a thabhairt i gceapadh na mbeartas rialála éifeachtach

6.3.3 Eolas a thabhairt i bhforbairt beartas ComReg agus in éifeachtúlacht nós imeachta trí thaighde agus idirchaidreamh leis an tionscadal agus le comhpháirtithe NRA.

## 6.4 TOSAÍOCHT: NUÁLAÍOCHT TÁIRGE AGUS IOMAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUMASÚ TRÍ CHOINBHÉIRSEACHT EARNÁLA A ÉASCÚ AGUS A FHREAGAIRT DI

Is é éileamh na dtomhaltóirí, faoi thionchar fón cliste go háirithe, atá ag tiomáint cumarsáid móibíleach agus an riachtanas ar leathanbhanda méadaithe le tacaíocht a thabhairt do na seirbhísí inneachair nua. Éilítear leathanbhanda cuimsitheach freisin le IPTV[43], le sruthú físeán agus le seirbhísí físe eile. D'fhreagair an tionscal cumarsáide riachtanais athraithe na dtomhaltóirí sin trí sheirbhísí seasta/móibíleacha comhtháite a thairiscint, ina dtugtar solúbthacht agus an fhéidearthacht le haghaidh éifeachtúlachta costais. Tugtar bunús i bhfóraim thionscadail (lena n-áirítear rannpháirtíocht ComReg) le haghaidh pléite coitianta agus comhoibriú laistigh den timpeallacht chasta sin, go ginearálta bunaithe thart ar shaincheisteanna a bhaineann le táirgí agus le próisis agus le margaí ar leith.

Is féidir go n-éireodh tábhacht cuachta de réir a chéile sa chomhthéacs sin ach ó thaobh ComReg de ní mór iad sin a mheas i gcomhthéacs iomaíochta córa. Ní mór tacaíocht a thabhairt do sho-aistriú, agus trédhearcacht agus fáil ar tháirgí rialaithe miondíola iomaíocha mar chúltacú dó. Dá bhrí sin, déanfaidh ComReg monatóireacht ar sholáthar seirbhísí cuachta lena n-áirítear príomhtháirgí rochtain rialaithe, lena chinntiú go leanfaidh tomhaltóirí le leas a bhaint as tairiscintí éifeachtacha nuálacha agus nach leanfaidh dochar iomaíoch nó teorainneacha ar nuálaíocht as tarchur chuig líonraí NGA.

Coincheap is ea Neodracht Líonra a bhfuil baint aige le sprioc Idirlín oscailte, ar féidir sainiú go ginearálta air mar seo a leanas: "promoting the ability of end-users to access and distribute information or run applications and services of their choice", mar a chuir BEREC síos air ina tuarascáil le déanaí[44]. I margadh déthaobhach, is féidir go rachaidh baic i bhfeidhm ar chumas na n-úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir nuálacha, baic a chuirfí i bhfeidhm am ar bith idir soláthraí an inneachair agus an t-úsáideoir deiridh. Tá cur síos i dtuarascáil BEREC ar chreat um Cháilíocht Seirbhíse maidir le neodracht Idirlín, agus mionléiriú ar choincheapa a bhaineann le cáilíocht agus modhanna meastóireachta cáilíochta atá ar aon dul le spriocanna sa treoir um sheirbhís uilíoch[45]. Ina theannta sin, tugtar nós

[43] Teilifís Phrótacail Idirlín
[44] BoR (11) 53 dár teideal "A framework for Quality of Services in the scope of Net Neutrality; dátaithe 8 Nollaig 2011
[45] Alt 22(3) den Treoir um Sheirbhís Uilíoch

# 6. Nuálaíocht & Infheistíocht a Éascú
(ar lean)

imeachta ginearálta do na NRA agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna maidir leis an bhforáil sin agus tugtar áis úsáideach do ComReg leis sin le tabhairt faoi shaincheisteanna ar neodracht, mar éiríonn siad anseo. Táthar ag súil le mionstaidéar breise á fhorbairt ag BEREC le linn na bliana 2012, rud a dhéanfaidh fairsingiú ar na saincheisteanna sin i bhfoirm treoirlínte. Cuirfimid leis an sruth oibre sin de réir mar is cuí.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 6.4

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 6.4.1 | Coinneálacha soiléire cuí a thabhairt maidir le cuachadh arna sholáthar ag Eircom a rialú |
| 6.4.2 | Tacú agus Cur le hobair BEREC ar "Neodracht Idirlín" |
| 6.4.3 | Forbairtí ar tháirgeacht agus ar sheirbhís an tionscadail a éascú trí thionscnaimh amhail fóraim thionsclaíocha agus tabhairt faisnéise. |

### 6.5 TOSAÍOCHT: CINNTEACHT RIALÁLA A THABHAIRT D'IMREOIRÍ SA MHARGADH MAIDIR LE CINNTEOIREACHT INFHEISTÍOCHTA TRÍ CHUR LE FORBAIRT MARGADH EORPACH AONAIR DO ECS

Tá ról méadaithe le himirt ag cúrsaí Eorpacha i rialúchán náisiúnta agus is féidir le cuir chuige choiteanna bheith ina chuidiú le neamhchinnteacht agus costais rialála a laghdú d'infheisteoirí. Dá bhrí sin aithnítear in ComReg gur rud tairbheach é cur chuige AE comhordaithe le cinnteacht rialála a thabhairt agus le hinfheistíocht a dhreasú. Mar a aithnítear i dTreoracha an AE agus in ionstraimí éagsúla an AE um threoraíocht, tá comhsheasmhacht rialúcháin leis na NRA ina cuidiú le baic a sheachaint ar mhargadh idirnáisiúnta do ECS agus le cinnteacht dhlíthiúil a thabhairt do gach gnóthas infheistíochta. Cuireann na Ballstáit le forbairt cinntí CE siúd trí chomhlachtaí éagsúla lena n-áirítear CEPT maidir le saincheisteanna teicniúla, RSPG agus RSCOM maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartas speictrim, agus BEREC agus CoCom a chuidíonn leis CE i bhforbairt an bheartais ghinearálta agus cinntí teicniúla. Cuirtear béim shuntasach i gcreat leasaithe an AE um ECS ar an gcomhoibriú trasteorann sin agus d'éirigh an raon gníomhaíochta idirnáisiúnta rialála níos forleithne arís. Tá sé riachtanach go leanfaidh Éire lena comhpháirtíocht ghníomhach ionas go gcuirfear tionchar ar fhorbairt beartas rialála lena n-áirítear comhpháirtíocht agus cur leis an chéad athbhreithniú eile ar chreat rialála an AE. Aithníonn infheisteoirí féideartha go bhfuil Éire ag tabhairt lánáirde ar chuir chuige an AE (cibé acu tuarascálacha agus treoirlínte BEREC nó bearta agus moltaí an AE), rud a mhéadaíonn a gcuid muiníne nach n-imeoidh rialachán Éireannach go míchuí ó na bearta a cuireadh i bhfeidhm in áiteanna eile.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 6.5

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 6.5.1 | Tacaíocht a thabhairt agus cur le sruthanna oibre ag BEREC agus ag an gCoimisiún Eorpach le tacú le spriocanna nuálaíochta agus comhsheasmhacht rialála |
| 6.5.2 | Airde a thabhairt ar Threoracha, cinntí, moltaí agus tráchtanna an Choimisiúin Eorpaigh chomh maith le spriocanna sainithe an AE amhail An Clár Oibre Digiteach Eorpach 2012 (European Digital Agenda 2020) |
| 6.5.3 | Cur, mar is cuí, le foirmliú leanúnach na dtionscnamh rialála agus ionstraimí treoracha san AE, amhail athbhreithniú tréimhsiúil ar chreat iomlán an AE um rialáil ECS |
| 6.5.4 | Leanúint le creat comhsheasmhach rialála a fhorbairt, rud a chabhródh le hinfheistíocht ag oibreoirí, agus a spreagfaidh cur i bhfeidhm méadaithe na líonraí rochtana |

# 7.
# Feabhas Eagraíochtúil a Lorg

**Feabhas Eagraíochtúil a Lorg**

## Sprioc ardleibhéil #4

Le bheith ina heagraíocht sár-éifeachtúil a fheidhmíonn mar lárionad feabhais a chumasaíonn agus a thacaíonn le daoine chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

Ní mór do ComReg, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách atá ag obair i dtimpeallacht dhúshlánach eacnamaíoch, leanúint ar aghaigh le cur le fiúntas poiblí agus a fheidhmeanna agus a chuspóirí a chomhlíonadh go héifeachtach le húdarás leathnaithe, laistigh d'acmhainní faoi iallacha. Ag an am céanna, ní mór dúinn timpeallacht oibre a chothaíonn cultúr agus cleachtadh feabhais agus sár-fheidhmiúcháin a chothabháil.

Sa timpeallacht seo, thar an chéad dá bhliain eile agus ar aghaidh, is é an rún atá ag ComReg ná a gclú mar lárionad aithnithe feabhais agus mar sár-fhoinse saineolais in earnáil na meán atá ag forbairt de shíor a chothabháil i gcéin agus i gcóngar.

Le cur lenár saineolas agus lenár bhfiúntas, díreoidh ComReg ar roinnt earnálacha mar atá leagtha amach thíos.

### 7.1 EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH, NEAMHSPLEÁCH AGUS NUÁLACH A DHÉANAMH DI LEIS NA CÓRAIS, STRUCTÚIR AGUS SCILEANNA CUÍ

Tomhastar ár bhfeidhmiúchán iomlán ag an difear a dhéanaimid trí earnáil dinimiciúil iomaíoch na meán a chruthú in Éirinn. Ní leor éifeachtacht agus éifeachtúlacht chun ár misean a bhaint amach. Déanfaimid ár ndícheall ár gcumas a mhéadú le bheith ar airdeall, aclaí, neamhspléach agus le bheith lánchomhlíontach leis na caighdeáin chuí rialtais. Beimid chun tosaigh ar fheabhsuithe próisis sa dóigh is go dtuigimid na hathruithe inár dtimpeallacht i dtaca le deá-chleachtas idirnaisiúnta.

Is oibrithe eolacha agus saineolaithe ábhar ár n-oibrithe a bhfuil taithí acu, ag obair bhfoirne ildisciplíneacha. Chun fiúntas poiblí a sholáthar, leanfaidh ComReg le timpeallacht ardfheidhmithe oibre a thógáil a chothaíonn cultúr obair bhuíne, solúbthachta agus nuála, tacaithe ag infheistíocht reatha in oiliúint agus foghlaim leanúnach. I dtaca le forbairt ghairmiúil ár ndaoine, bímid ar lorg bailíochtaithe seachtraí denár bpolasaithe agus córais i dtaca le deá-chleachtas in áiteanna eile. Sa chás seo, tá aitheantas tuillte ag ComReg le duaiseanna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) ó roinnt eagraíocht, Comhlachas na gCuntasóir Deimhnithe Cairte, Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn, An Institiúid um Oiliúint agus Forbairt in Éirinn agus An Institiúid Cairte um Pearsanra agus Forbairt agus trí chreidiúnú ó dhámhachtain Excellence through People Gold Standard, san áireamh.

Tá meán gairmiúil, éifeachtach, áisiúil de dhíth ar ComReg chun teagmháil a dhéanamh lena ghealLsealbhóirí. Cuideoidh seirbhísí reatha agus ríomhsheirbhísí beartaithe linn chun an t-ualach rialála a laghdú agus chun eagraíocht níos eifeachtaí agus inrochtana a dhéanamh de.

Leanfaidh ár bhfócas ar fheidhmiú eagraíochtúil a chothú chomh maith le teach tar dhóigheanna chun obair níos cliste a dhéanamh agus chun an costas rialúcháin a íoslaghdú, go hinmheánach agus lenár mbeartaíocht le tionsclaíocht agus le geallsealbhóirí eile.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 7.1

**BEARTA**

| | |
|---|---|
| 7.1.1 | Díriú ar rannpháirtíocht fostaithe agus bheith cinnte go bhforbraímid scileanna mar is ceart agus iad a úsáid go héifeachtach, ag tacú lenár ndaoine uile chun a gcúspóirí gairmiúla a bhaint amach. |
| 7.1.2 | Oibleagáidí Rialachas corparáideach a chomhlíonadh mar is cuí, an Cód Cleachtais do Rialachas Státghníomhaíochtaí san áireamh |
| 7.1.3 | Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh um fheabhsú córais agus próisis, infheistíocht reatha i dTE mar chumasóir luachmhar gnó agus uirlis cumarsáide |
| 7.1.4 | Beartais agus tionscnaimh a bhrú ar aghaidh a chuireann le, mar shampla, ríomhsheirbhísí agus déanamh gnó le ComReg a shimpliú |

### 7.2 LEANÚINT AR AGHAIDH MAR LAR-IONAD FEABHAIS AG SOLÁTHAR RIALÚCHÁN ÉIFEACHTACH CUÍ

Tá ComReg tiomanta de bheith nuálach, éifeachtach agus éifeachtúil. Cruthaímid timpeallacht oibre a chothaíonn cultúr agus cleachtais feabhsaithe agus ardfheidmithe. Faigheann ár ndaoine forbairt ghairmiúil reatha agus tugtar aitheantas dóibh mar gheall ar a n-ionchur d'fhorbairt eagraíochtúil agus tionsclaíoch.

# 7.

# Feabhas Eagraíochtúil a Lorg
(ar lean)

Tá ár n-obair treoraithe ag prionsabail 'Better Regulation' riachtanais, éifeachtachta, comhréireachta, tréshoilseachta, freagrachta agus comhsheasmhachta, tacaithe ag córais láidre rialachais. Creidimid i rialúchán bunaithe ar fhianaise agus i gcur chuige comhairleach lenár ngeallsealbhóirí. Trí seans a thabhairt do na comhpháirtithe a ndearcadh a nochtú, éiríonn an próiseas cinnteoireachta níos eolaí, níos déine agus níos freagraí.

Tuigeann ComReg gur féidir le réimse leathan geallsealbhóirí bheith ann maidir le saincheist áirithe ar bith, ní amhain iad siúd a bhfuil suim dhíreach airgeadais ná eile acu. Roimh comhairliúchán poiblí foirmiúil, is féidir reamhphlé le comhphairtithe bainteacha nó grúpaí nó cumainn ionadaíocha bheith ann go hoscailte. Ní ionadaí é an plé seo don chomhairliúchán poiblí ach is féidir linn iad a úsáid chun cabhrú leis an bpróiseas foirmiúil comhairliúcháin nó chun saincheisteanna nó moltaí casta a mhíniú donár ngeallsealbhóirí. Nuair atá réimse leathan saincheisteanna agus moltaí casta ann is féidir linn cur le comhairliúchán poiblí trí cheardlanna oscailte.

De ghnáth, bíonn 4-6 seachtain ann le seans a thabhairt do na comhpháirtithe bainteacha freagairt do chomhairliúchán poiblí. Is féidir leis seo athrú i gcásanna airithe mar gheall ar riachtanais reachtúla ama, castachta na saincheisteanna i gceist, na geallsealbhóirí áirithe a thabhrfaidh freagra, doiciméid nó taighde eile a bheidh le plé agus an slógadh dóchúil acmhainní a bheidh de dhíth.

Tuigeann ComReg chomh maith an t-ualach reachtúil a bhaineann le próiseas comhairliúchán, go háirithe do chomhpháirtithe tionsclaíocha níos lú nach bhfuil na hacmhainní ná an cumas acu tabhairt faoina leithéid go hiomlán. Mholfaimis do na geallsealbhóirí teagmháil a dhéanamh linn dá mbeadh tuilleadh soiléireachta nó ama de dhíth agus déanfaimid ár ndícheall freastal ar iarratais mar seo nuair is féidir. Bhí an tsaincheist seo ag geallsealbhóirí roimhe seo. Maidir le ráitis a fuarthas, Rinneamar ár ndícheall an próiseas a fheabhsú trí dhataí comhairliúchán atá beartaithe a fhoilsiú ar ár suíomh idirlín roimh ré le seans a thabhairt do gheallsealbhóirí pleanáil mar is gá. Tá modhanna ComReg don gcomhairliúchán poiblí ar fail ar ár láithreán gréasáin (ComReg 11/34).

Is cuid thábhachtach eile de phróiseas cinnteoireachta ComReg Measúnú ar Thionchar Rialála (RIA). Is é an cuspóir atá ag RIA ná fail amach an bhfuil rialúchán riachtanach nó nach bhfuil agus comhroghanna ar bith a mheas. Is é an run atá ag RIA ná fáil amach an bhfuil aon tionchar ag beart nó próiseas nua rialála ar bith nó ag aon athrú atá molta (é a bhaint amach as san áireamh) do bheart nó próiseas ar bith reatha, ar gach geallsealbhóir, tomhaltoirí san áireamh. Déanann sé seo an proiseas rialála níos soiléire. Trí chomhairliúchán a dhéanamh leis an tionsclaíocht agus le tomhaltóirí cinntíonn sé go bpléitear suimeanna na ngeallsealbhóirí agus go nglactar an cur chuige is éifeachtaí don rialúchán ar bord. Nuair atá rialúchán riachtanach, roghnófar an rogha is neamhthroime agus is éifeachtaí rialála. Déanfaimid cinnte freisin go mbíonn rialúchan ábhartha agus comhréireach, trí Mheasúnú ar Thionchar Rialála a dhéanamh nuair is cuí agus is gá le cinntiú go roghnófar an rogha is neamhthroime agus is éifeachtaí rialála.

Tá treoirlínte[46] réamhéisithe ag ComReg a leagann amach an cur chuige a bheidh againn don RIA. Pléifimid cé acu an gá athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte le linn fráma ama den Ráiteas Straitéiseach le cinntiú go mbíonn said cuí.

Athraítear ár bpróisis agus ár gcórais ar bhonn leanúnach le déanamh cinnte go bhfreastalaimid ar ár gcuspóirí agus go soláthraímid seirbhís éifeachtach. Is samplaí iad an córas ríomhcheadúnaithe, atá ina chóras slán le freastal ar iarratais ceadúnais ar líne agus an uirlís nuálach ar líne www.callcosts.ie, a ligeann do thomhaltóirí cinntí eolacha cheannach teileachumarsáide a dhéanamh de na seirbhísí ríomh-inrochtaineachta atá ar fáil againn faoi láthair. Beimid ag tabhairt faoi roinnt tionscnamh thar an chéad dá mhí dhéag eile a dhíríonn ar é-cumasú de phróisis ghnóthais agus ar úsáid réiteach ar líne chun idirghníomhaíocht le ComReg a shimpliú agus chun seirbhís níos fear a thairiscint do gheallsealbhóirí.

***Rialachas Airgeadais***

Is é an cuspóir atá ag ComReg ná cinntiú go gcomhlíontar deá-chleachtas i rialachas airgeadais. Dá réir sin, Nuair is cuí, cloímid le Cód Cleachtais do Rialachas Státghníomhaíochtaí. Tá beartais rialtais curtha i bhfeidhm ag ComReg maidir le híocaíochtaí gasta agus soláthar agus leanfaimid ar aghaidh le cur lenár rialachas airgeadais agus lenár gcreat freagrachta.

***Ag tabhairt faoi thaighde margaidh***

Aithníonn ComReg an tábhacht a bhaineann le buntaighde a dhíríonn ar éabhlóid fhadtéarmach na hearnála agus a

[46] http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0756a.pdf

thugann eolas do ComReg agus geallsealbhóirí. Cabhróidh, mar shampla, tuiscint níos fearr ar thiomántóirí maidir le leathanbhanda, le déantóirí polasaithe agus a ngnó, le pleananna gnóthais a fhorbairt, agus le ComReg agus iad ag iarraidh a dhéanamh cinnte gur féidir leis an bpróiseas iomaíochta na tairbhí atá maíte a sholáthar go gasta do líonraí sár-ghasta leathanbhanda. Nuair is cuí, déanfaidh ComReg a ndícheall tacaíocht a sholáthar do thionscnaimh mar seo.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 7.2

**BEARTA**

7.2.1 Rialúchán éifeachtach bunaithe ar thaighde a chinntiú trí Measúnú ar Thionchar Rialála (RIAnna) nuair is cuí, ag comhoibriu le geallsealbhóirí ar bhonn cothrom neamhleatromach agus ag dul i gcomhairle ar chinntí polasaithe nuair is gá.

7.2.2 Tuilleadh úsáide de mhodhanna rannpháirtíochta geallsealbhóirí a mheas (m.sh. ceardlanna, fáisnéisiú srl. nuair is gá.

7.2.3 Tosca ábhartha a mheas ar bhonn leanunach, agus limistéar ama á chur ar fhreagraí comhpháirtithe a bhfuil suim acu ann a thabhairt do chomhairliúcháin ComReg de réir cáis (m.sh. tréimhsí níos faide do shaincheisteanna casta) de réir Mhodhanna Comhairliúcháin ComReg11/34)

7.2.4 Eolas ábhartha agus iontaofa a bhailiú ón tionsclaíocht agus taighde a dhéanamh a dhíríonn ar éabhlóid fhadtéarmach na hearnála agus a thugann eolas do ComReg agus geallsealbhóirí.

7.2.5 Úsáid a bhaint as acmhainní chun barainneachtaí agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus aschur d'ardchaighdeán á sholáthar i rith ama.

7.2.6 Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar chun ár ndaoine a chumasú chun a spriocanna a bhaint amach.

## 7.3 TOSAÍOCHT: DUL I DTEAGMHÁIL LE GNÍOMHAIREACHTAÍ RIALÁLA EILE AGUS LE PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA, GO NÁISIÚNTA AGUS GO HIDIRNÁISIÚNTA, CHUN CUR AR CHUMAS COMREG A CHUID SPRIOCANNA A BHAINT AMACH

Tá rannpháirtíocht chuí lenár gcuid páirtithe leasmhara mar chuid lárnach de rialáil éifeachtach agus de thacú leis an ngeilleagar. Beimid i dteagmháil le gníomhaireachtaí rialála eile, go háirithe le Ofcom, lena bhfuil roinnt Meabhráin Tuisceana againn maidir leis an gcuid is fearr a bhaint as úsáid speictrim raidió i limistéir theorann, agus le príomhpháirtithe leasmhara, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun forbairt leanúnach na hearnála cumarsáide a chur chun cinn. Go háirithe, leanfaimid ar aghaidh le páirt a ghlacadh i bhfóraim chun eolas a chur agus tionchar a imirt ar bheartais rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme (e.g. trí BEREC, tríd an RSPG, trí Líonra Rialtóirí Idirnáisiúnta Audiotext (IARN), agus trí Líonra na Rialtóirí Eacnamaíocha, i measc daoine eile).

D'oibrigh ComReg i gcónaí laistigh de chreat trédhearcachta agus cuntasachta agus, dá bhrí sin, comhlíonann sé cheana féin cuid mhaith den méid a shamhlaítear i Ráiteas an Rialtais ar Rialáil Eacnamaíoch. Ó 2010 ar aghaidh, tá ár Ráiteas Aschuir Bliantúil foilsithe againn. Tugann sé seo deis le haghaidh comhphlé níos struchtúrtha idir rialtóirí agus an lucht déanta beartas maidir le pleananna agus le torthaí, ag cinntiú ag an am céanna go leanfar le neamhspleáchas na rialtóirí a urramú go hiomlán ina gcuid cinnteoireachta agus bainistíocht oibríochtúil. Ina theannta sin, foilseofar plean gníomhaíochta ComReg go pras tar éis ár Ráiteas Straitéise dhá bhliain a fhoilsiú.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 7.3

**BEARTA**

7.3.1 Caidreamh ComReg le páirtithe leasmhara a bharrfheabhsú chun tairbhe tomhaltóirí, trí chláir for-rochtana, mar shampla

7.3.2 Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim chun eolas a chur agus tionchar a imirt ar bheartais rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme

7.3.3 De réir Ráiteas an Rialtais ar Rialáil Eacnamaíoch, leanúint le Ráiteas Aschuir Bliantúil a fhoilsiú

7.3.4 Pleanáil thrédhearcach a chinntiú trí phlean oibre, atá díorthaithe ón Ráiteas Straitéise, a fhoilsiú ar bhonn bliantúil

7.3.5 Leanúint le hionadaíocht a dhéanamh do sheasamh na hÉireann agus le tionchar a imirt ar fhorbairtí dlí agus rialála san Eoraip

# 7. Feabhas Eagraíochtúil a Lorg
(ar lean)

## 7.4 TOSAÍOCHT: A CHINNTIÚ GO BHFUIL CINNTÍ RIALÁLA COMREG BUNAITHE AR SHONRAÍ MARGAIDH IONTAOFA AGUS GO NDÉANTAR A CHUID FEIDHMÍOCHTA A THAGARMHARCÁIL IN AGHAIDH CAIGHDEÁIN IDIRNÁISIÚNTA

Tá sé mar chuid lárnach dár gcuid croí-luachanna a chinntiú gur éifeachtach, neamhchlaonta agus trédhearcach atá na cinntí a dhéanaimid. Dá bhrí sin, déanaimid margadh cumarsáide na hÉireann agus ár gcuid oibre mar údarás rialála náisiúnta a thagarmharcáil in aghaidh caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn ár gcuid feidhmíochta a mheas agus a chinntiú go leanaimid an cleachtas is fearr. Úsáidimid sonraí tagarmharcála i mórán slite: chun ár n-éifeachtacht agus an tionchar atá againn mar rialtóir a thomhas, chun réimsí nach mór dúinn tuilleadh béime a chur orthu a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil smaointeoireacht agus cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise.

Tá sé ríthábhachtach go dtuigtear feidhmíocht mhargadh cumarsáide na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta, is é sin, tá sonraí agus fianaise tagarmharcála mar réamhriachtanas chun tacú lenár gcuid próiseas cinnteoireachta. Go háirithe, cabhraíonn sé le laige margaidh a aithint agus díríonn sé ar thosaíochtaí rialála. I ndeireadh na dála, tá tionchar mór ag na caighdeáin atá ag teacht chun cinn ar fheidhmíocht an tionscail chumarsáide, agus tá tagarmharcáil idirnáisiúnta ina modh tábhachtach chun ár seasamh a thomhas.

Leanfaimid le sonraí tagarmharcála idirnáisiúnta a bhailiú agus a fhoilsiú, chun tuarascáil iontaofa a sholáthar ar fheidhmíocht mhargadh cumarsáide na hÉireann. Leanfaimid freisin le tacú le hiarrachtaí idirnáisiúnta ag na comhlachtaí atá luaite thuas i dTosaíocht 7.3 chun bealach atá cothrom, oibiachtúil agus láidir a sholáthar chun tagarmharcáil idirnáisiúnta a dhéanamh ar ár gcuid feidhmíocht margaidh agus rialála.

Tá an-tábhacht ag baint le rochtain thráthúil gan srian ar fhaisnéis agus ar shonraí atá cruinn agus iontaofa chun a chinntiú gur féidir le ComReg a chuid cinntí a chosaint. Chun na críche sin, bailímid raon leathan sonraí ón lucht tionscail, agus ár gcuid cumhachtaí reachtúla á n-úsáid againn chun na críche sin nuair is cuí, agus cuirimid ár gcuid taighde tomhaltais spriocdhírithe, ar nós suirbhéanna, leis na sonraí sin. Braithimid ar dhlúth-chomhoibriú an tionscail mar fhreagra ar ár gcuid orduithe sonraí agus iarratas ar fhaisnéis. Mar rialtóir eacnamaíoch, bainimid leas as taighde eacnamaíoch freisin, bíodh sé ina thaighde arna choimisiúnú ag ComReg nó ina thaighde arna choimisiúnú ag tríú páirtí.

Leanfaimid ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil ár gcuid breithniúchán agus cinntí rialála bunaithe ar fhianaise chruinn láidir atá díorthaithe ó anailís a dhéanamh ar raon leathan sonraí agus taighde, agus ó chomhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara. Is earnáil dhinimiciúil í an earnáil cumarsáide. D'fhonn a bheith nuálach agus comhréireach inár gcuid cur chuige rialála, is gá dúinn fanacht ar an eolas faoi smaointeoireacht fhorásach maidir le rialáil eacnamaíoch. Oibríonn ComReg i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus le DCENR chun taighde ar ardchaighdeán atá bunaithe ar fhianaise agus a bhaineann go sonrach le hearnáil cumarsáide na hÉireann a sheachadadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh an taighde seo taighde atá neamhspleách, coincheapúil agus eimpíreach ar fáil, agus cabhróidh sé seo le heolas a chur ar chur chuige agus ar chinntí rialála ComReg. Déanfaimid imscrúdú ar bhealaí inar féidir linn leas a bhaint as samhlacha/uirlisí taighde atá nua agus ag teacht chun cinn agus ar bhealaí inar féidir linn foghlaim ó na samhlacha/uirlisí taighde seo, mar shampla, úsáid na dturgnamh agus na dtástálacha tomhaltóirí san eacnamaíocht iompraíochta, rud ar réimse atá ag teacht chun cinn é. Comhroinnfimid an taighde seo lenár gcuid páirtithe leasmhara, tríd an taighde a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin nó trí naisc a chur ar fáil trínár gcuid doiciméad.

Gníomhaíochtaí a eascraíonn ó thosaíocht 7.4

### BEARTA

| | |
|---|---|
| 7.4.1 | ComReg a thagarmharcáil in aghaidh caighdeáin idirnáisiúnta chun feidhmíocht a thomhas, bearnaí a aithint agus an cleachtas is fearr a shaothrú |
| 7.4.2 | A chinntiú go dtagann cinntí atá éifeachtach, láidir agus trédhearcach chun cinn ónár gcuid bailiú agus anailís sonraí agus ónár gcuid próisis chinnteoireachta inmheánach |
| 7.4.3 | A chinntiú go bhfuil ár gcuid cinntí láidir agus curtha ar an eolas ag smaointeoireacht fhorásach trí anailís chuí taighde eacnamaíoch a choimisiúnú |

# 8.
# Conclúid

Sa Ráiteas Straitéise seo, leag ComReg a chuid tosaíochtaí straitéiseacha amach don tréimhse 2012-2014. Forbraíodh é le hionchur ó earnálacha na bpáirtithe leasmhara tionscail, tomhaltóirí agus Rialtais, agus fuair sé tacaíocht ó chomhairliúchán inmheánach suntasach. Thug an próiseas seo, a bhí ar siúl ar feadh roinnt míonna, cabhair dúinn chun ár gcuid spriocanna a thabhairt chun foirfeachta agus chun snas a chur ar ár gcuid pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla. I gcás na tréimhse seo a chuaigh thart (2010-2012), meastar go bhfuil ríthábhacht ag baint le hiomaíocht a chothú agus le leathanbhanda ardluais den scoth a chur chun cinn do thomhaltóirí agus don tionscal araon. Dá bhrí sin, mar gheall ar an ngá atá le hinfheistíocht leanúnach agus thapa chun tacú leis seo, tá ComReg ag díriú go príomha go fóill ar ardchéim cinnteoireachta trédhearcaí agus cinnteachta rialála a chur ar fáil. Tá feasacht agus cosaint tomhaltóirí ag éirí níos tábhachtaí freisin i ndomhan comhtháite, áit ina n-amharctar ar na saincheisteanna a bhaineann le neodracht líonra agus teicneolaíochta, i measc nithe eile, trí lionsa nua agus níos géire.

Tá a fhios ag ComReg go maith nach ndearna an aois dhigiteach gach tomhaltóir a chuimsiú go hiomlán go fóill agus, dá bhrí sin, leanann cothabháil seirbhíse cumarsáide bunúsaí de bheith ina hábhar tosaíochta. Ní mór é seo a chinntiú taobh leis an ngá práinneach atá le haistriú leanúnach agus brostaithe a spreagadh chuig ardáin luais níos tapa atá ag teacht chun cinn.

Tá ComReg ag súil le bheith ag obair lena chuid páirtithe leasmhara chun an straitéis seo a chur chun feidhme agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an margadh seo atá spreagúil, dinimiciúil agus ag teacht chun cinn.

# Iarscríbhinn: 1
# Acrainmneacha & Giorrúcháin

| | | |
|---|---|---|
| 1. | ASO | – Múchadh Analógach |
| 2. | BAI | – Údarás Craolacháin na hÉireann |
| 3. | BEREC | – Comhlacht Rialtóirí na hEorpa um Chumarsáid Leictreonach |
| 4. | C&AG | – An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| 5. | ccTLD | – Fearann Barrleibhéil Tíre |
| 6. | CERP | – An Coiste Eorpach do Rialachán Poist |
| 7. | CEPT | – Comhdháil Riarthóirí Poist agus Teileachumarsáide na hEorpa |
| 8. | CoCom | – Coiste Cumarsáide an Choimisiúin Eorpaigh |
| 9. | CSO | – An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| 10. | DCENR | – An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| 11. | DPC/ODPC | – (Oifig an) Choimisinéara Cosanta Sonraí |
| 12. | DTT | – Teilifís Trastíre Dhigiteach |
| 13. | EC | – An Coimisiún Eorpach |
| 14. | ECB | – An Banc Ceannais Eorpach |
| 15. | ECC | – An Coiste Cumarsáide Leictreonaí |
| 16. | ECEP | – Painéal Saineolaithe Cumarsáide Leictreonaí ComReg |
| 17. | ECN/ECS | – An líonra cumarsáide leictreonaí / An tseirbhís cumarsáide leictreonaí |
| 18. | ECAS | – Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála |
| 19. | ECTA | – Cumann Teileachumarsáide Iomaíche na hEorpa |
| 20. | EIRP | – Coibhéis Cumhachta a Radaítear go hIseatrópach |
| 21. | EMC | – Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach |
| 22. | ESRI | – An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| 23. | ERG | – Grúpa na Rialtóirí Eorpacha |
| 24. | ETSI | – Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide |
| 25. | EU | – An tAontas Eorpach |
| 26. | FWALA | – Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaithigh |
| 27. | GATS | – Comhaontú Ginearálta ar Thrádáil i Seirbhísí |
| 28. | GDP/GNP | – Olltáirgeacht Intíre/ Olltáirgeacht Náisiúnta |
| 29. | GSM | – Córas Domhanda do Chumarsáid Fóin Phóca |
| 30. | IARN | – Líonra Rialtóirí Idirnáisiúnta Audiotext |
| 31. | ICNIRP | – An Coiste Idirnáisiúnta ar Chosaint Radaíochta Neamh-Ianaithe |
| 32. | IT/ICT | – Teicneolaíochtaí Faisnéise (agus Cumarsáide) |
| 33. | IEDR | – IE Domain Registry Ltd. |
| 34. | IMF | – An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| 35. | IMT | – Teileachumarsáid Shoghluaiste Idirnáisiúnta |
| 36. | IPTV | – Teilifís Phrótacail Idirlín |
| 37. | ITU | – An tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta |
| 38. | LLU | – Díchuachadh na Lúibe Logánta |
| 39. | NCA | – An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí |
| 40. | NGA | – Rochtain na Chéad Ghlúine Eile |
| 41. | NRA | – An tÚdarás Rialála Náisiúnta |
| 42. | OAO | – Oibreoirí Údaraithe Eile |
| 43. | OECD | – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| 44. | PRS | – Seirbhísí Ardráta |
| 45. | RegTel | – Iar-Rialtóir PRS |
| 46. | RIA | – Measúnú ar Thionchar Rialála |
| 47. | R&TTE | – Trealamh Teirminéil Raidió agus Teileachumarsáide |
| 48. | RSCOM | – An Coiste Speictrim Raidió |
| 49. | RSPG | – An Grúpa Polasaí Speictrim Raidió |
| 50. | SLU | – Díchuachadh na fo-lúibe |
| 51. | UHF | – Ultra-ardmhinicíocht |
| 52. | VoIP | – Prótacal Idirlín Guthaithe |
| 53. | VUA | – Rochtain Díchuachta Fhíorúil |
| 54. | WPNIA | – Rochtain ar Bhonneagar Líonra Mhórdhíola Fhisiciúil |
| 55. | WTO | – An Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

# Iarscríbhinn: 2
# Clár na bhFigiúirí


| | | |
|---|---|---|
| Figiúr 1: | Sainordú ComReg | 6 |
| Figiúr 2: | Caiteachas teaghlaigh seachtainiúil ar sheirbhísí teileachumarsáide | 10 |
| Figiúr 3: | Athruithe i bPraghsanna Foriomlána do Thomhaltóirí agus i bPraghsanna Foriomlána Cumarsáide, 2006-2012. | 10 |
| Figiúr 4: | Rochtain ar fheistí agus ar theicneolaíochtaí cumarsáide sa bhaile, 2000-2010 | 11 |
| Figiúr 5: | Rátaí treáite leathanbhanda tí, 2006-2011 | 11 |
| Figiúr 6: | Ioncam Cumarsáide agus GNP | 12 |
| Figiúr 7: | Treá leathanbhanda raidió i dTíortha OECD, 2011 | 13 |
| Figiúr 8: | Dréimire Infheistíochta | 23 |

# Nótaí

An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation
Cúirt na Mainistreach Lárionad Irish Life Sráid na Mainistreach Íochtarach Baile Átha Cliath 1 Éire
Teileafón +353 1 804 9600 Facs +353 1 804 9680 Ríomhphost info@comreg.ie Gréasán www.comreg.ie